



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Staidéar comparáideach ar an Litríocht i gcuraclaim Bhéarla i ndlínsí éagsúla.

Dr Bethan Marshall

An Clár Ábhar

Réamhrá	4
Achoimre Fheidhmeach	6
Ainm agus fócas	6
Measúnú	6
Raon Téacsanna	6
Roghnú na dtéacsanna	7
Éagsúlacht na dtéacsanna	7
Curaclaim Bhéarla de réir dlínse	8
An Astráil	8
Measúnú	10
New South Wales	11
Measúnú	12
Roghnú na dtéacsanna	12
Victoria	15
Measúnú	17
Roghnú na dtéacsanna	18
Ceanada: Ontario	19
Measúnú	23
Roghnú na dtéacsanna	24
An Ríocht Aontaithe: Sasana	26
Measúnú	29
Roghnú na dtéacsanna	30
Albain	31
Measúnú	35
Roghnú na dtéacsanna	37

An Bhreatain Bheag	38
Measúnú	42
Roghnú na dtéacsanna	44
An Nua-Shéalainn	45
Measúnú	48
Stáit Aontaithe Mheiriceá	49
Measúnú	54
Conclúid	56
Tagairtí	57

Réamhrá

Sa staidéar seo fiosraítear coincheap ábhar an Bhéarla in ocht ndlínsí éagsúla ina labhraítear Béarla: An Astráil – New South Wales agus Victoria; Ceanada – Ontario; an Ríocht Aontaithe – Sasana, Albain agus an Bhreatain Bheag; an Nua-Shéalainn; agus na Stáit Aontaithe. Breathnaítear ar an tslí ina n-eagraítear an curaclam agus ar a bhfuil san áireamh ann, an bhfuil sé éigeantach nó nach bhfuil, agus ar an tslí ina déantar measúnú air. Tá an plé maidir le gach dlínsí gairid agus breathnaítear go príomha ar ghné na litríochta sa churaclam. Sa chás go soláthraítear liosta téacsanna dualgais fiosraímid na critéir agus na próisis i dtaca le táirgeadh na liostaí sin, san áit go bhfuil a leithéid ar fáil. Chomh maith leis sin, déanaimid meas ar an gcineál litríochta a chuirtear san áireamh. Fiosraítear sa taighde seo a mhéad agus a chuireann rialtais nó gníomhaireachtaí rialtais áitiúla saincheisteanna amhail éagsúlacht agus iarchoilíneachas san áireamh i bpróiseas ceaptha liostaí téacsanna (sa chás go bhfuil a leithéid ann), agus ar bhonn nach bhfuil chomh cuimsitheach (de bharr easpa sonraí) an méid a chuireann múinteoirí a leithéid san áireamh agus iad ag roghnú téacsanna le fiosrú sa rang.

Ní haon rud nua atá i gceist leis na ceisteanna i dtaca le cé chomh hionchuimsitheach is atá an curaclam scoile, nó ní haon rud nua é an plé maidir leis na húrscéalta, na drámaí agus na scannáin ar cheart don scoláire a léamh/taithí a fháil orthu sa rang. Mar sin féin, chuir an ghluaiseacht Black Lives Matter leis an bhfeasacht maidir leis an ngá le dearcthaí iarchoilíneacha i scoileanna, agus tá ‘cogaí cultúir’ níos leithne, tar éis na ceisteanna seo a thabhairt chun suntais arís eile. Bíodh agus go bhfuair Toni Morrison bás roimh an bhfeachtas Black Lives Matter tá an tsaincheist seo go smior ina cuid saothair féin agus plé a bhíodh á dhéanamh aici ar litríocht Mheiriceá. Maíonn sí gur ‘Daoine geala a bhí i mbeagnach gach léitheoir de chuid ficsean Mheiriceá. Tá suim agam sa tionchar a bhí ag an mbonn tuisceana sin ar an tsamhlaíocht liteartha’ (Morrison, 1992: xii).

Ina dhiaidh sin scríobhann sí,

Níl aon áit shuntasach nó iarmhairt ag stair iomlán an chultúir [Afracach] i mbunús nó i bhforbairt litríocht an chultúir sin... glactar le fios le heolas dá leithéid go bhfáisceann

tréithe ár litríocht náisiúnta ó 'Meiriceánachas' áirithe atá scartha agus domhínithe ón láithreach seo (ibid.: 5).

Rinne criticeoirí geala talamh slán de gur bhain 'sárbhua' liteartha le daoine geala mar,

Ceann de na fórsaí radacacha folaithe is mó a raibh tionchar aige ar litríocht na tíre. Tá machnamh maidir leis an láithreach dhubh seo lánach i dtaca le haon tuiscint ar ár litríocht náisiúnta agus níor cheart go gceadófaí dó fanacht ar imeall na samhlaíochta liteartha (ibid.: 5)

Mar sin tá sé thar am a fhiafraí cé chomh mór agus a chuirtear saincheisteanna amhail éagsúlacht agus iarchoilíneachas san áireamh nuair a bhíonn liostaí téacsanna á nginiúint, agus nuair a roghnaítear téacsanna uathu le go bhfiosródh an scoláire iad ar scoil.

Achoimre Fheidhmeach

AINM AGUS FÓCAS

Tá neart clónna agus ainmneacha difriúla ar churaclam an Bhéarla, amhail Teanga an Bhéarla, Litríocht an Bhéarla, bíodh agus go bhfuil Béarla i dteideal gach ceann, seachas sna Stáit Aontaithe (Ealaíona Teanga). Bíonn litearthacht san áireamh i roinnt díobh, Albain agus Victoria, an Astráil, san áireamh.

MEASÚNÚ

Tá córais scrúdaithe a chumasaíonn obair chúrsa ag gach dlínse sa staidéar seo seachas Sasana agus d'fhéadfadh amhlaidh a bheith i gceist sna Stáit Aontaithe. 100% obair chúrsa atá i gceist i gCeanada agus tá féidearthacht ann 100% obair chúrsa a bheith i gceist sa Nua-Shéalainn. Tá 50% obair chúrsa san Astráil agus tá díreach faoi bhun aon trian in Albain. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar chóras na Breataine Bige. Tá roinnt fianaise ann go gcuireann córas scrúdaithe daingean (áit a ndéantar scrúdú ar théacsanna dualgais go seachtrach seachas mar chuid d'obair chúrsa a scrúdaítear go háitiúil) srian ar an líon téacsanna a ndéantar staidéar orthu agus go mbíonn níos lú féinrialach ag múinteoirí ar roghnú na dtéacsanna dá scoláirí dá bharr.

RAON TÉACSANNA

Iarrtar ar an scoláire staidéar a dhéanamh ar théacs digiteach nó meáin de shaghas éigin i ngach dlínse seachas i Sasana. Luann gach tír gur cheart staidéar a dhéanamh ar litríocht do thíre féin. Liostaíonn Sasana, New South Wales agus Victoria údair le staidéar a dhéanamh orthu don scrúdú. Bíonn sé éigeantach i Sasana, agus sa Bhreatain Bheag faoi láthair, staidéar a dhéanamh ar théacs de chuid Shakespeare ag aois 16, agus is amhlaidh an cás i New South Wales ag aois 18.

ROGHNÚ NA DTÉACSANNA

Tugann trí dhlínse liosta téacsanna le staidéar a dhéanamh orthu (mar aon leis an mBreatain Bheag faoi láthair) Sasana, New South Wales agus Victoria. Is é Victoria an t-aon cheann acu a thugann réasúnaíocht le haghaidh na dtéacsanna a roghnaítear (https://www.vcaa.vic.edu.au/Documents/vce/Principles_Guidelines_Texts.pdf). Bíodh sin amhlaidh, cuireann an fhianaise in iúl go gcuirtear rogha téacsanna an-chúng ar fáil agus gur le húdair Briotanacha iad de ghnáth, in ainneoin an raon leathan téacsanna (féach leathanach XX). Féachann Sasana i dtreo shonraíochtaí an churaclaim náisiúnta agus arís tugann an fhianaise le fios gur le fir gheala atá marbh formhór na dtéacsanna a roghnaítear. As na téacsanna a foilsíodh roimh an bhfichiú haois a roghnaítear, ní raibh ach 6% le húdair ban agus níor foilsíodh ach 1% acu tar éis 1914. As na téacsanna a roghnaíodh, ní raibh ach 0.7% acu le duine de dhath (féach Elliott et al. 2021). Tá liostaí téacsanna ag na Stáit Aontaithe gur gá staidéar a dhéanamh orthu má chinneann scoileanna an curaclam a dtugtar curaclam Hirsch air a leanúint. Arís, is téacsanna le fir gheala atá marbh is mó a bhíonn i gceist.

ÉAGSÚLACHT NA DTÉACSANNA

Áiríonn dlínsí san Astráil, i gCeanada agus sa Nua-Shéalainn údair bhundúchasacha in aidhmeanna a gcuraclam agus ina siollabais scrúdaithe san Astráil, ionas go mbíonn ar an scoláire teagmháil a bheith acu le roinnt téacsanna le húdair bhundúchasacha. Ina ainneoin seo, ní minic a bhaintear éagsúlacht amach. Is cosúil, mar sin féin, go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag Ceanada i dtaca le litríocht de chuid na mbundúchasach a chur chun cinn. Sa Bhreatain Mhór, cuireann eagraíochtaí amhail Cumann Náisiúnta Theagasc an Bhéarla (NATE) agus an tIonad Béarla agus Meán díchoilíniú an churaclaim agus scríbhneoirí atá éagsúil i dtaobh eitneachta de chun cinn agus arís tá roinnt de na scríbhneoirí seo le sonrú i siollabais scrúdaithe an Bhéarla. Tá Penguin agus Iontaobhas Runnymede tar éis tuairisc dar teideal *Diversity in Literature in English Schools* (Elliott et al. 2021) a fhoilsiú chomh maith. Spreagann an Comhairle Náisiúnta Múinteoirí Béarla, sna Stáit Aontaithe, múinteoirí chun éagsúlú a dhéanamh chomh maith, go háirithe i bhfianaise Black Lives Matter.

Curaclaim Bhéarla de réir dlínse

Sa staidéar oifige seo, breathnaíodh ar ról an churaclaim Bhéarla i rogha tíortha ina labhraítear Béarla: An Astráil (New South Wales, Victoria); Ceanada (Ontario); an Ríocht Aontaithe (Sasana, Albain agus an Bhreatain Bheag); an Nua-Shéalainn; agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. I ngach dlínse múintear agus déantar measúnú ar an mBéarla ar shlite difriúla. I bhformhór na ndlínsí, tá cineál éigin litearthachta éigeantach agus bíonn éagsúlacht maidir le ról na litríochta. I roinnt dlínsí ina labhraítear an dara teanga, go háirithe i gcomhthéacs iarchoilíneach, bíonn éagsúlacht idir na riachtanais éigeantacha agus leagtar béim ar thábhacht na litríochta náisiúnta. Sa chás go mbíonn liosta téacsanna dualgais, sonraítear comhdhéanamh an liosta sin, agus i ndlínse amháin a fiosraíodh cuirtear ar fáil an réasúnaíocht nó an próiseas i dtaca le roghnú na dtéacsanna.

An Astráil

Bíonn an Béarla éigeantach le haghaidh an scoláire go dtí go mbíonn sé 18 mbliana d'aois ach bíonn scrúdú deiridh difriúil ag gach stáit mar sin leanann an curaclam ó Bhonnchúrsa chuig Bliain a 10 agus ansin bíonn cuid bhreise ann le haghaidh na mblianta sinsearach 11 agus 12. Caithfidh gach stáit an curaclam a leanúint sa mhéid agus go mbíonn riachtanais an stáit faoi scáth churaclam na hAstráile. Mar sin féin, bíonn léirmhíniú beagáinín difriúil ag gach stát ar an gcuraclam náisiúnta. Mar shampla, glacann an Astráil Theas leis an gcuraclam náisiúnta mar atá, gan aon athrú. Tá a churaclam féin ag New South Wales, ina gcomhchuimsítear an curaclam náisiúnta, agus cuireann Victoria leis an gcuraclam, mar a bheidh le feiceáil. Tá trí réimse nó shnáithe i gcuraclam Béarla náisiúnta na hAstráile: teanga, litríocht agus litearthacht.

Má fhéachaimid ar staidéar na litríochta feicimid an méid seo a leanas:

Cuireann na téacsanna na meáin le haghaidh cumarsáide ar fáil. Féadfaidh siad a bheith scríofa, labhartha, físiúil, ilmhódach, agus i bhfoirm chló nó dhigiteach/ar líne. Cuireann téacsanna ilmhódacha teanga agus modhanna cumarsáide eile amhail íomhána físiúla,

fuaimrian nó focail labhartha lena chéile, mar a bhíonn i meáin scannánaíochta nó cuir i láthair ríomhaire (ACARA, 2021).

Sa tslí sin, 'I gcaitheamh na mblianta scolaíochta, rachaidh an scoláire i ngleic le téacsanna liteartha i bhfoirm labhartha, scríofa agus ilmhódach, lena n-áirítear téacsanna digiteacha amhail insintí, filíocht, próis, drámaí agus scannáin' (ibid). Anuas air sin,

Aithnítear go bhfuil luach ealaíonta agus cultúrtha seasmhach ag na téacsanna agus go dtarraingítear iad as litríocht an domhain agus na hAstráile. Ina measc seo tá traidisiúin insinte béil na mBundúchasach agus Mhuintir Oileán Torres Strait, téacsanna ón Áise, téacsanna ó chultúir imirceach na hAstráile agus téacsanna de rogha an scoláire (ibid).

Laistigh de na snáithí seo tá gnéithe amhail litríocht i gcomhthéacs, freagairt don litríocht, an litríocht a fhiosrú agus litríocht a chruthú. Bíonn gach ceann de na snáitheanna agus na gnéithe seocomhtháite do na foghlaimoirí (ibid.). Cuirtear leis ag rá gur múinteoirí agus scoileanna na daoine is fearr cinntí a dhéanamh maidir le roghnú téacsanna ina gcláir teagaisc agus foghlama chun dul i ngleic leis an ábhar i gCuraclam na hAstráile: Béarla fad is a bhíonn riachtanais na scoláirí ina ranganna á gcomhlíonadh (ibid.).

Tá saothair le Davies agus daoine eile (féach mar shampla, Doecke et al 2011; Davies, 2012; Gelder, 2013; McLean et al, 2017; Yates et al, 2019 and Davies et al., 2020) tar éis a léiriú go bhfuil fadhb le glacadh le litríocht na hAstráile: De thoradh ar stair shochpholaitiúil na tíre tá neamhchinnteacht leanúnach maidir le substaint agus le stádas 'litríocht na hAstráile' (Yates, L et al, 2019). Go minic tugtar filíocht nó díolaim scríbhneoirí don scoláire seachas téacsanna níos toirtiúla (mar shampla féach *Growing up Aboriginal in Australia* (2019) nó *Growing up Asian in Australia* (2015)).

MEASÚNÚ

Cuireann na stáit éagsúla measúnú sa Bhéarla i gcrích sa bhliain deireanach scolaíochta, mar sin féin, déantar tástáil ar an scoláire gach dhá bhliain tríd an gClár Náisiúnta Measúnaithe Litearthachta agus Uimhearthachta (NAPLAN). Bíodh agus go scríobhann NAPLAN gur 'gné amháin de phróiseas measúnaithe agus tuairiscithe gach scoil iad téacsanna, agus nach nglacann siad áit na measúnaithe fairsinge leanúnacha a dhéanann múinteoirí i dtaca le feidhmíocht gach scoláire' (NAPLAN, 2021), glacann ranna Béarla an ceann trom den phróiseas measúnaithe agus is féidir leis sin an curaclam a athrú. Déanann siad tástáil 'ar léitheoireacht, ar scríbhneoireacht agus ar ghnásanna teanga (litriú, gramadach agus poncaíocht)' mar aon leis an uimhearthacht. Bíonn siad ag díriú go mór ar scileanna litearthachta. Scríobh Klenowski agus Wyatt-Smith (2012) agus Wyatt-Smith and Jackson (2016) faoin tionchar díobhálach a bhíonn ag tástáil a mbíonn cuid mhór i ngeall léi ar churaclam an Bhéarla i scoileanna. Tá daoine eile tar éis scríobh faoin éifeacht ar mhúinteoirí (féach mar shampla, Thompson agus Harbaugh, 2013; Thompson, 2013; Polesel, et al, 2014,; Thompson agus Cook, 2014). Níos déanaí ná sin scríobh Carter et al. (2018) agus suirbhéireacht á déanamh aige ar an dearcadh a bhíonn ag múinteoirí ar na tástálacha, agus formhór de sin diúltach, le béim ar scileanna litearthachta agus teagasc le haghaidh na tástála. Tá leabhair agus ailt ann chomh maith a fhiosraíonn tionchar NAPLAN ar fholláine an scoláire (Rice et al, 2015; Rogers et al, 2016).

New South Wales

San Údarás um Chaighdeáin Oideachais tugtar siollabas ar churaclam an Bhéarla in New South Wales agus cuimsítear an curaclam náisiúnta ann. Mar sin, 'Sainnithníonn cód curaclaim na hAstráile, atá le feiceáil i lúbíní ag deireadh gach cur síos ar inneachar, na cuir síos ar inneachar ó churaclam na hAstráile' (NESA, 2012: 8). Is é an mhóraidhm ná 'An scoláire a chumasú le teanga a thuiscint agus a úsáid go héifeachtach, léirthuisctint a bheith acu ar theanga an Bhéarla, machnamh a dhéanamh air agus taitneamh a bhaint as agus brí a chruthú ar shlite atá samhlaíoch, cruthaitheach, léirmhínteach, criticiúil agus cumhachtach' (ibid.: 11). Tá 'brí a chruthú le teanga' i gcoilár an churaclaim (ibid.: 20).

Ag céim a 4 (12-14) bíonn ar an scoláire staidéar a dhéanamh ar shamplaí de théacsanna labhartha, clóite, meán físiúil, ilmheáin agus digiteacha. Leis seo áirítear 'Litríocht Astrálach, a sainmhínítear go leathan, lena n-áirítear téacsanna a thugann léargais ar eispéiris na mBundúchasach san Astráil' (ibid.: 23), 'Raon leathan téacsanna liteartha ó thíortha agus ó thréimhsí ama eile, lena n-áirítear filíocht, scrípteanna drámaíochta, ficsean próis agus leabhair pictiúr' chomh maith le 'téacsanna a scríobhadh faoi eispéiris idirchultúrtha' agus 'téacsanna a chuireann léargais ar fáil maidir le muintir agus cultúir na hÁise' (ibid.: 23).

Nuair a bhíonn an scoláire i gcéim a 5 (15-16) bíonn air staidéar a dhéanamh ar Shakespeare chomh maith, agus is é siúd an t-aon údar ainmnithe. Faoi chéim a 6 (17-18) tugann an scoláire faoi Ardteastas Scoile (HSC) ina dtugann formhór na scoláirí faoi ghnáthleibhéil nó ardleibhéil. I gcás Béarla ag an ngnáthleibhéal tá príomhthosaíochtaí traschuraclaim lena n-áirítear: 'Stair agus cultúir na mBundúchasach agus Oileánaigh Torres Strait; an Áise agus Rannpháirtíocht na hAstráile leis an Áise.' (ibid.: 9). Arís, tá dualgas orthu 'Dul i ngleic le téacsanna lena n-áirítear litríocht ardchaighdeáin a aithnítear go forleathan ó shochaithe ón am atá caite agus ó shochaithe comhaimseartha agus dul i ngleic le litríocht agus le hoidhreacht liteartha na mBundúchasach agus Oileánaigh Torres Strait' (ibid.: 10). Tá ardleibhéal Béarla ann chomh maith ina mbíonn ar an scoláire staidéar a dhéanamh ar Shakespeare chomh maith, mar aon le próis agus filíocht nó drámaíocht.

MEASÚNÚ

Scrúdú 50% agus obair chúrsa scoilbhunaithe 50% atá i gceist leis an Ardteastas Scoile. Déanann grúpaí scoileanna modhnóireacht ar an obair chúrsa i dteannta a chéile. Ábhar suntais is ea é go ndéantar modhnóireacht ar thoradh an scrúdaithe de réir na hoibre cúrsa má mharcáiltear an obair chúrsa níos airde ná an scrúdú.

ROGHNÚ NA DTÉACSANNA

I gcáipéis dar teideal *English Prescription 2019-23* (NESA: 2017), liostaíonn siad na téacsanna ónar féidir le scoileanna rogha a dhéanamh. Mar shampla, faoi 'Texts and Human Experience' is féidir ceann díobh seo a leanas a roghnú *All the Light We Cannot See* (2015) le Doerr, *Black Inc* (2009) le Lohrey, *Nineteen Eighty-Four* le Orwell (leagan 2004), and *Past the Shallows* le Parrett (2013). An rud atá suimiúil faoin liosta seo ná gurb é *Nineteen Eighty-Four* an ceann is mó éilimh, cé cur le hAstráiligh na cinn eile. Faoi dhianstaidéar ar an litríocht tá éileamh ar *The Curious Incident of the Dog in the Night-time* le Mark Haddon (2014), scríbhneoir Sasanach eile. Ar na páipéir Ardleibhéil, arís eile, bíonn téacsanna canónacha mar rogha agus mar sin faoi staidéar criticiúil ar an litríocht is féidir staidéar a dhéanamh ar *Emma* le Austen (1815/2000) nó ar *Great Expectations* le Dickens. (1861/1992). Faoi Philíocht nó Drámaíocht is féidir staidéar a dhéanamh ar théacsanna ar nós *Under Milk Wood* (Thomas, 2014). Tá braistint Bhriotanach, gan a bheith ag lua braistint choilíneach, ag neart de na téacsanna seo agus muid ag caint ar churaclam de chuid na hAstráile agus fós féin roghnaítear iad le staidéar a dhéanamh orthu.

Go deimhin tá téacsanna Astrálacha ann agus caithfear staidéar a dhéanamh orthu ach is drámaí, dánta agus úrscéalta Briotanacha iad formhór na dtéacsanna a ndéantar staidéar orthu. Fiú i gcás na scannán *Looking for Richard* (1996), *The Hours* (2002) agus *Bright Star*, (2009) atá ar an liosta sa chuid 'Textual Conversations' is cinn iad a bhfuil údair chanónacha acu – Shakespeare, Woolf agus Keats. Is le scríbhneoirí Briotanacha, Donne agus Hughes, dhá cheann de na cinn eile. Tá an bhéim ar théacsanna canónacha Briotanacha. Tá Larissa McLean-Davies tar éis scríobh faoin ábhar seo go minic. In achoimre ar pháipéar scríobhann sí, i dteannta Truman agus Buzacott (McLean- Davies et al., 2020), gur minic a bhíonn an

litríocht ‘tethered to its lineage’, agus gur minic gur scríbhneoirí canónacha Briotanacha a bhíonn i gceist. Tagraíonn siad d’óráid a thug Beneba Clarke le haghaidh gradam Miles Franklin. San óráid sin impíonn Clarke ar fhoilsitheoirí ‘Tuilleadh rioscaí a ghlacadh agus machnamh á dhéanamh ar leabhair do pháistí’ agus í ag maíomh ‘go bhfuil sé de cheart ag gach páiste iad féin a fheiceáil i scéal’ (Alcorn, 2016, tagairt in McLean et al., 2020).

In New South Wales, tá liosta téacsanna ann do Bhliain a 12 (an bhliain dheireanach) a dtugtar ‘*Prescriptions*’ air. Tá réimse roghanna téacsanna le haghaidh gach Modúl sa chúrsa HSC ar an liosta seo. Is cosúil ón líon ard téacsanna ar an liosta go bhfuil an-chuid rogha ann. Is minic nach amhlaidh an cás toisc go gcaithfidh múinteoirí líon éigeantach cineálacha téacsanna éagsúla a roghnú (m.sh. ficsean próis, dráma, neamh-fhicsean, meáin srl.). Mar shampla, má roghnaíonn tú ficsean próis i Modúl amháin, ní féidir ficsean próis a roghnú i Modúl eile. Éilíonn an cúrsa gnáthleibhéil go roghnaítear 3 théacs; éilíonn an cúrsa Ardleibhéil go roghnaítear 4 théacs, agus caithfidh dráma de chuid Shakespeare a bheith mar cheann díobh.

Coinnítear an próiseas a bhaineann leis an liosta téacsanna dualgais (liosta a bhíonn i bhfeidhm le haghaidh tréimhse 3-5 bliana ar an meán) faoi rún. Tarlaíonn an próiseas faoi cheilt, faoi rún, agus é á threorú ag coiste comhdhéanta de chomhaltaí a roghnaítear (ní fhógraítear na háiteanna ar an gcoiste seo). Bunaíonn an t-údarás rialacháin (NESA) coiste, a mbíonn comhalta de Bhord NESA mar chathaoirleach air go minic. Bíonn 6 ar an gcoiste – múinteoirí, lucht acadúil, agus páirtithe leasmhara amhail ionadaithe le haghaidh Oideachais Speisialta. Laghdaíodh méid an choiste le blianta beaga anuas. I mblianta eile bhíodh tuairim agus 12 duine ar an gcoiste de ghnáth. Déanann an coiste cinneadh maidir leis na téacsanna ar an liosta agus is cosúil nach mbíonn aon chomhairliúchán le gairm níos leithne na múinteoireachta agus an liosta á fhorbairt. Níl aon eolas atá ar fáil go poiblí maidir leis na daoine atá ar an gcoiste agus níl aon deis aon aiseolas a thabhairt. Faomhann Bord NESA an cháipéis *Prescriptions* agus ansin scaoiltear amach chuig múinteoirí é.

Tá critéir ag an gcoiste le haghaidh roghnú na dtéacsanna. I measc na gcritéar seo tá fiúntas liteartha, ábharthacht fhadmharthanach, ábharthacht le haghaidh na gcohort, agus inrochtaineacht (maidir le cé chomh héasca agus atá sé do scoileanna rochtain a fháil ar na téacsanna gan ualach airgeadais breise nach bhfuil gá leis a chur orthu). Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist maidir le hualach airgeadais, is é an riachtanas ná nach féidir ach 15% den liosta téacsanna a bheith 'nua'. Sainmhínítear 'nua' mar théacs nach raibh ar aon liosta roimhe sin. Ní bhaineann an rial 15% le scannáin ná le meáin, toisc go mbíonn fáil níos éasca ar na téacsanna seo de ghnáth, agus toisc nach gcuirtear costas breise ar scoileanna ná ar an scoláire.

Victoria

Le curaclam Victoria 'lonchuimsíonn F-10 neart de Churaclam F-10 na hAstráile agus freagraíonn sé dó, ach bíonn difríochtaí ann i dtaca le roinnt gnéithe tábhachtacha, léiriú an churaclaim mar chontanam foghlama agus an dearadh struchtúrtha go háirithe' (Victorian Curriculum and Assessment Authority, VCAA).

Sa Bhéarla eagraítear é ina 'modhanna agus snáitheanna teanga' (ibid.) Faoi mhodhanna teanga cuireann sé 'léitheoireacht agus athbhreithneoireacht, scríbhneoireacht, labhairt agus éisteacht' leis agus 'Laistigh de gach modh teanga, grúpáiltear na cuir síos ar ineachair ina snáitheanna agus ina bhfo-shnáitheanna', teanga, litríocht agus litearthacht.'

Sa snáithe Teanga, forbraíonn an scoláire a chuid eolais maidir le teanga an Bhéarla agus an tslí ina n-oibríonn sé.

Cuireann an snáithe Litríochta an scoláire i ngleic le staidéar téacsanna liteartha a bhfuil luach pearsanta, cultúrtha, sóisialta agus aeistéitiúil leo.

Tá sé d'aidhm ag an snáithe Litearthachta forbairt a dhéanamh ar chumas an scoláire téacsanna a léirmhíniú agus a chruthú go hoiriúnach, go cruinn, go muiníneach, go líofa agus go éifeachtúil le haghaidh foghlaim ar scoil agus lasmuigh den scoil, agus le bheith rannpháirteach i saol na hAstráile i gcoitinne (ibid.).

Scartar iad seo ina bhfo-shnáitheanna arís, atá cosúil lena chéile ach nach bhfuil díreach mar an gcéanna. Mar shampla, tá 'litríocht i gcomhthéacs' agus 'litríocht a chruthú' sa snáithe Litríochta san áit go bhfuil 'téacsanna i gcomhthéacs' agus 'téacsanna a chruthú' sa snáithe Litearthachta. Tá tagairtí don rud físiúil sa snáithe Litearthachta, rud nach bhfuil sa snáithe Litríochta. Faoi 'léirmhíniú, anailís agus meastóireacht' sa snáithe litearthachta scríobhtar 'foghlaimíonn an scoláire conas a bhfuil á léamh agus á fhaire acu a thuiscint'; an t-aon rud cosúil leis seo a luaitear faoi litríocht, faoi 'litríocht a chruthú', ná 'Trí úsáid a bhaint as meáin chlóite, dhigiteacha agus ar líne, forbraíonn an scoláire scileanna a chuireann ar a gcumas brí a

chur in iúl, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteannta suntasacha agus cur le rannpháirtíocht agus le tionchar' (ibid.).

Léiríonn an taighde gur beag an méid scríbhneoirí Astrálacha, bundúchasacha agus Áiseacha a ndéantar staidéar orthu. I scrúduithe bhliain a 12 tugann formhór mór na scoláirí faoin scrúdú Béarla, ní thugann ach tuairim agus 5% díobh siúd faoin gceann dar teideal Litríocht. Mar shampla, bhain Bliss agus Baclja (2020) de thátal go 'léirítear [údair mholta] easnaimh shuntasacha sna liostaí i dtaca le cuspóirí maidir le litearthacht ar an Áise, le litríocht le Bundúchasaigh Astrálacha agus le héagsúlacht sna cineálacha téacsanna a bhaint amach' (ibid.: 1). D'fhéach siad ar na liostaí ainmnithe le haghaidh an scrúdaithe Béarla in Victoria idir 2010 agus 2019. Seachas tromlach na dtéacsanna a bheith suite san Eoraip, 'Léirigh na torthaí go raibh ganntanas úrscéalta le húdair agus le stiúrthóirí Bundúchasacha le sonrú ar na liostaí téacsanna... As na 360 téacs inár sampla, ní raibh príomhcharachtar de chuid Bhundúchasach na hAstráile ach i 3.6% nó 13 théacs (ibid.: 15)'. Chomh maith leis sin, 'Baineadh de thátal gur fhiosraigh 58% de théacsanna a bhí suite san Astráil téamaí an choilíneachais agus an Dúchais (ibid.: 17). Fós féin chonacthas dóibh go bhféadfaí 'an bhearna idir an méid a bhí téamaí maidir le Dúchas le sonrú i dtéacsanna Astrálacha agus a laghad ionadaíochta a rinneadh ar údair Dhúchasacha agus príomhcharachtair Dhúchasacha a cheangal le hargóintí maidir leis an 'dearcadh coilíneach ar an saol' (ibid.: 17). Chuir siad leis an méid seo ag rá gur 'Amhlaidh an cás go háirithe i gcás téacsanna, a scríobh údair Astrálacha nach Bundúchasaigh iad, a bhfuil carachtair Bhundúchasacha iontu ar mhaithe le hiad a bheith ann, nó gur pearsanra 'siombalacha' iad nach mbíonn ról gníomhach acu san insint i bhfírinne'. (ibid.: 17).

Mar aon leis sin, i gcásanna inar léiríodh carachtair bhundúchasacha i dtéacsanna,

Fiosraíonn formhór mór na dtéacsanna téamaí ábhartha ó pheirspictíocht carachtair nach Bundúchasach é agus is saothair de chuid cruthaitheoirí nach Bundúchasaigh iad. De réir mar a chuir Leanne in iúl: "Níl mé ag tabhairt le fios gur cheart fáil réidh leis an saothar seo ná le saothair cosúil leis – is téacsanna tábhachtacha iad a nochtann sliseanna sioncronacha de chomhfhiosacht lonnaitheoirí i dtaobh na mBundúchasach ag aon am ar

leith. Ach tá mé ag cur dúshlán faoin tuairim gur scéalta Bundúchasacha iad. Ní hiad”
(Leanne, J. 2016, p. 42)(ibid.: 18)

Baineann siad de thátal,

Tugtar easaontais idir an méid a chloíonn VCAA le prionsabail na hionchuimsitheachta agus an gá le dearcthaí éagsúla maidir le saincheisteanna cultúrtha agus polaitiúla, le réaltacht cheannasach an churaclaim chun solais anseo. Déanaimid argóint nach leor é go mbeadh na téamaí maidir le coilíniú agus Dúchas le sonrú, go háirithe i bhfianaise na staire taifeadta i dtaca le hAstrálaigh nach bundúchasaigh iad ag déanamh beag is fiú de na Bundúchasaigh, i dtaobh na litríochta, ó dheireadh na 18^ú aoise ar aghaidh go dtí an lá atá inniu ann (Moreton-Robinson, 2004; Nakata, 1995)(ibid.: 18).

MEASÚNÚ

Tugann an scoláire faoi scrúdú Béarla, Litríocht an Bhéarla, nó Teanga an Bhéarla, ach ní thugann ach tuairim agus 5,000 faoin scrúdú litríochta agus 5,000 faoin scrúdú teanga i gcomparáid leis an 55,000 a thugann faoin scrúdú Béarla. Mar a chonaiceamar cheana tá liosta leabhar ainmnithe le haghaidh na scrúduithe Béarla agus Litríochta, a gcaithfidh scoileanna téacsanna a roghnú uathu. Bíonn 50% de bunaithe ar scrúdú agus 50% bunaithe ar obair chúrsa. Ábhar suntais é go bhfeidhmíonn an scrúdú seachtrach mar mhodhnóir ar an obair chúrsa nó go gcuireann sé bonn eolais fúithi. Bíonn ar mhúinteoirí na scoláirí ina ranganna a rangú in ord bunaithe ar obair chúrsa. Má bhíonn an ghnóthachtáil difriúil sa scrúdú agus go mbíonn tionchar ar an rangú de réir oird, déanfar modhnóireacht ar an rangú a bhíonn acu san obair chúrsa. Chomh maith leis an ord rangaithe ranga/scoile baineann gach scoláire amach Litríocht Astrálach maidir le Rangú Iontrála Tríú Leibhéal (*Australian Tertiary Entrance Rank Literature*) atá mar chumasc de gach ábhar ar tugadh fúthu. Marcáiltear gach ábhar as 50 agus baineann roinnt ábhar pointí bónais amach bunaithe ar an éileamh a bhíonn orthu ag leibhéal na hollscoile. Cuirtear 15 phointe bónais le hábhair ar nós na Ceimice san áit go gcuirtear dhá phointe leis an litríocht agus go bhfanann an Béarla mar an gcéanna.

ROGHNÚ NA DTÉACSANNA

Déanann Painéal Comhairleach i dtaca le Téacsanna cinneadh maidir leis na Liostaí Téacsanna in Victoria. Bíonn Bainisteoir Churaclam an Bhéarla mar chathaoirleach ar an bPainéal seo agus bíonn sé comhdhéanta de 8 - 10 múinteoirí ó réimse suíomhanna scoile éagsúla agus duine amháin de lucht an léinn de ghnáth. Déanann múinteoirí iarratas chun a bheith ar an bPainéal. Ar deireadh tugann an Bord Curaclaim faomhadh do chinneadh an Phainéil – dhiúltaigh siad do roghanna cheana, nuair a measadh go raibh siad róchonspóideach. Is minic a bhíonn díospóireacht sna meáin maidir le roghanna téacsanna agus a bhfiúntas, agus déanann an tÚdarás Curaclaim iarracht é seo a sheachaint trína gcáipéis prionsabal agus treoirlínte a fhoilsiú. Seo nasc chuig an mBeartas ábhartha de chuid Rialtas Victoria:

https://www.vcaa.vic.edu.au/Documents/vce/Principles_Guidelines_Texts.pdf

Ceanada: Ontario

Tá ceithre shnáithe éigeantacha – Cumarsáid ó Bhéal; Staidéar Léitheoireachta agus litríochta; Scríbhneoireacht; Staidéar ar na Meáin – i gcuraclam Béarla Ontario, a chaithfear a dhéanamh go dtí go bhfuil páiste 18 mbliana d’aois. Cáipéis thoirtiúil ina bhfuil 221 leathanach atá sa churaclam. Seans gur cuid den chúis go bhfuil sé chomh mór seo ná go gcuimsítear an tslí ina ndéantar measúnú ar scoláirí ann agus go gcuimsítear an méid atá sa churaclam ann chomh maith i gcuid dar teideal ‘Measúnú agus meastóireacht ar ghnóthachtáil an scoláire’ (MofE, 2007: 21). Ní hann d’aon siollabais scrúdaithe sheachtracha eile, toisc go mbunaítear an tslí ina n-éiríonn leis an scoláire go huile agus go hiomlán ar an scoil agus ar mheastóireacht na múinteoirí. An t-aon riachtanas éigeantach ná go ndéanfaidís staidéar ar théacs ó Ceanada. Mar sin, mar aon le forbhreathnú ar an gcuraclam, a thosaíonn ar leathanach a daichead, leagtar amach an dá chúrsa, éigeantach agus roghnach araon, agus cuimsíonn sé seo formhór na coda eile den cháipéis. Ní hamháin sin, ach molann an curaclam ó leathanaigh a haon chuig daichead slí le tabhairt faoin mBéarla agus teastaíonn míniú agus léiriú chuige seo.

Cuirtear tús leis an gcháipéis le hathfhriotal ó EOECA,

Tá an liteartha bunaithe ar níos mó ná an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht – tá sí bunaithe ar an tslí ina ndéanaimid cumarsáid sa tsochaí. Tá sí bunaithe ar chleachtas agus ar chaidrimh shóisialta, ar eolas, ar theanga agus ar chultúr. Ní aithníonn na daoine a bhaineann úsáid as an litearthacht a luach – ach eisiatar na daoine nach féidir í a úsáid ón gcumarsáid i ndomhan an lae inniu. Go deimhin, is iad na daoine siúd a eisiatar is mó gur féidir leo léirtheiscint a bheith acu ar an dtuairim gur “saoirse is ea an litearthacht”. (EOECNA, Ráiteas le haghaidh Deich mBliana Litearthachta na Náisiún Aontaithe, 2003–2012)

Cuireann an t-athfhriotal an curaclam Béarla laistigh de dhioscúrsa na litearthachta criticiúla le tuairimí amhail “saoirse is ea an litearthacht” agus nascann sé an cur chuige atá mar bhonn faoin gcuraclam le scríbhneoirí amhail Giroux agus Friere. Déantar tagairt ar leith do litríocht

chriticiúil níos déanaí sa cháipéis. Mar shampla, sa chuid dar teideal 'Oideachas maidir le Frith-leithcheal' scríobhann siad,

Tá forbairt na scileanna smaointeoireachta criticiúla ríthábhachtach don churaclam Béarla. I gcomhthéacs an rud a dtugtar "litearthacht chriticiúil" air anois, áirítear an cumas peirspictíochtaí, luachanna agus saincheisteanna; laofacht a bhrath; agus brí intuigthe a léamh mar aon leis an mbrí fhollasach, i measc na scileanna seo. Sa chlár Béarla, forbraíonn an scoláire an cumas claonadh diúltach agus steiréitíopaí a bhrath i dtéacsanna litríochta agus in ábhair fhaisnéiseacha (ibid.: 35).

Agus cuireann siad leis ag rá

Baineann lite chriticiúil le ceisteanna a chur agus le dúshlán a chur faoin status quo chomh maith agus treoraíonn sí an scoláire breathnú ar shaincheisteanna a bhaineann le cumhacht agus le ceartas sa tsochaí. Cumasaíonn an clár an scoláire trína chur ar a chumas é féin a chur in iúl agus labhairt amach maidir le saincheisteanna a mbíonn tionchar láidir acu orthu (ibid.: 35).

Ag an am céanna cuireann an curaclam Béarla, seachas curaclam litearthachta amháin, samhail 'fás pearsanta' i dtaca leis an mBéarla ar fáil agus is é seo a sheasann amach (Dixon, 1967, Gibbons 2017). Mar shampla sa chuid dar teideal 'Prionsabail mar bhonn leis an gcuraclam Béarla' deirtear,

Díríonn an curaclam Béarla ar dhoimhneacht agus ar leibhéal sofaisticiúlachta eolas agus scileanna an scoláire i dtaca le gach ceann de na príomh-mhóronchais seo trí chur le castacht na dtéacsanna a mbíonn siad ag oibriú leo agus le castacht na dtascanna a dhéanann siad de réir a chéile (ibid.: 13-14).

Agus arís,

Spreagfar an scoláire oibriú i dtreo caighdeán arda ina chuid scríbhneoireachta féin trí theagmháil rialta a bheith acu le dea-scríbhneoireacht agus cabhróidh sé leo léirthuisicint ar chumhacht agus ar áilleacht an fhocail scríofa a fhorbairt.

Tá staidéar ar an litríocht lárnach sa curaclam Béarla dara leibhéal; cuireann sí deiseanna ar fáil don scoláire cur le scóip a intleachta chomh maith lena scileanna litearthachta a shíneadh agus a neartú. Agus í ina léiriú cruthaitheach ar an saol agus ar eispéireas an duine, cuireann an litríocht ceisteanna tábhachtacha chun cinn maidir le staid an duine, anois agus san am atá caite. De réir mar a chuireann an scoláire lena chuid eolais maidir le scríbhneoirí agus saothair liteartha oilte, agus de réir mar a fhaigheann siad taithí ar thréimhsí ama, ar imeachtaí, ar chultúir agus ar luachanna atá difriúil lena gcuid féin tríd an litríocht, cuireann sé lena tuiscint ar na gnéithe difriúla a bhaineann le smaointe an duine agus le taithí an duine. (ibid.: 16)

Níl aon treoir oifigiúil i dtaca lena bhfuil i gceist le ‘scríbhneoirí agus saothair liteartha oilte.’ Is rud rithábachtach é go bhfuil an litríocht ‘ina léiriú cruthaitheach ar an saol agus ar thaithí, [agus mar sin] cuireann an litríocht ceisteanna tábhachtacha chun cinn maidir le staid an duine, anois agus san am atá caite.’ Trí teagmháil a bheith aige le scríbhneoirí ‘oilte’, cuirfidh ‘sé lena thuiscint ar na gnéithe difriúla a bhaineann le smaointe an duine agus le heispéireas an duine’. Anuas air sin, tá gach rud scoláire-láraithe. Spreagfar é, cuirfidh sé lena chuid eolais, beidh eispéireas acu, agus cuirfidh sé lena chuid tuisceana. Cuireann gach ceann díobh seo fás in iúl nó tugann siad faoin bhfás trí ‘léirthuisicint ar chumhacht agus ar áilleacht an fhocail scríofa.’

Ciallaíonn sé seo go mbíonn roinnt féinrialach ag an bhfoghlaimoir. Mar shampla, deir sé gur ‘Léirigh an taighde gur mó an dóchúlacht go n-aimseoidh an scoláire a gcuid suimeanna féin agus go dtabharfaidh sé fúthu má thugtar deiseanna dóibh rogha a dhéanamh maidir lena mbíonn sé ag léamh agus ag scríobh faoi’ (ibid.5) agus ‘Go n-éillíonn an curaclam go roghnódh an scoláire roinnt de na téacsanna a léann sé agus go gcinneann sé an topaic, an fheidhm, agus an lucht féachana le haghaidh roinnt de na saothair a tháirgeann sé’ (ibid.5). Ach déantar é seo mar aon leis na múinteoirí a bheith ag tacú leo ionas go gcumasaíonn ‘múinteoirí gach

scoláire a bheith ina gcumarsáidithe éifeachtacha trí na scileanna agus na straitéisí sin a aithint agus a mhúineadh go follasach' (ibid.: 5). Arís eile is é an fás pearsanta an aidhm uileghabhálach a bhaineann leis seo.

Agus an curaclam seo á chur i bhfeidhm acu, cabhróidh múinteoirí leis an scoláire a thuiscint gur scileanna le haghaidh foghlaim ar feadh an tsaoil iad scileanna teanga a chuirfidh ar a chumas tuiscint níos fearr a bheith aige air féin agus ar dhaoine eile, a acmhainn mar dhuine daonna a bhaint amach, teacht ar ghairmeacha a shásaíonn é, agus a bheith ina shaoránach domhanda freagrach (ibid.: 5).

San aidhm, nó sna 'bonnphrionsabail', tagraítear don litearthacht chriticiúil chomh maith sa mhéid agus gur cheart don scoláire forbairt ina 'shaoránach domhanda freagrach' agus, mar aon leis sin, tagraítear do smaointeoirí forchéimnitheacha ar nós Dewey, a labhraíonn go mór faoi eispéireas san oideachas ina leabhar ceannródaíoch *Democracy in Education* (1916/2004) agus arís tosaítear leis an scoláire ansin. Ciallaíonn sé seo go bhfuil curaclam Ontario i gcoinne na ndaoine a chuireann 'saibhreas eolais' chun cinn amhail Young, a chuireann i gcoinne an 'traidisiún foghlaimeoir-láraithe forchéimnitheach gur féidir a rianú siar a fhad le Rousseau agus a raibh a leagan ba shofaisticiúla le fáil i scríbhneoireacht na ndaoine a raibh tionchar ag Dewey orthu' (Young, 2013, : 102). Leanann Young air ag rá go gcaithfidh 'An curaclam tosú le teidlíocht nó rochtain an scoláire ar eolas seachas leis an scoláire mar fhoghlaimeoir' (ibid.: 103). Dar leis siúd caithfear é a bhunú ar 'Shaincheist a bhaineann le heolas' (ibid.: 103), a thugtar don scoláire nó a tharchuirtear chuige. Bíodh sin amhlaidh, ní hea gur curaclam gan eolas atá i gceist le curaclam Ontario, de réir mar atá feicthe againn, ach is ceann é atá forchéimnitheach, a thosaíonn leis an scoláire, 'Díríonn an curaclam Béarla ar dhoimhneacht agus ar leibhéal sofaisticiúlachta eolas agus scileanna an scoláire a fhorbairt' (MofE, 207: 13). Agus arís,

I gcroílár churaclam an Bhéarla (na cúrsaí éigeantacha a thairgtear i ngach grád), leagtar amach sna mór-ionchais tacair eolais agus scileanna a theastaíonn le haghaidh éisteacht agus labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht, agus breathnú agus léiriú éifeachtach (ibid.: 13).

Mar sin tá an t-eolas ríthábhachtach don churaclam, ach, difriúil le Young, tá an scoláire lárnach ann. Mar sin,

Díríonn an curaclam Béarla ar dhoimhneacht agus ar leibhéal sofaisticiúlachta eolas agus scileanna an scoláire i dtaca le gach ceann de na príomh-mhóronchais seo trí chur le castacht na dtéacsanna a mbíonn siad ag oibriú leo agus le castacht na dtascanna a dhéanann siad de réir a chéile (ibid.: 13-14).

MEASÚNÚ

Tugann gach scoláire faoi thástáil amháin a ndéantar scrúdú seachtrach air agus iad cúig bliana déag d'aois (trial Litearthachta Scoileanna Dara Leibhéal Ontario) ach ní bhreathnaíonn múinteoirí air seo mar rud a bhaineann leis an mBéarla, ach mar rud 'traschuraclaim'. 'Tá an tástáil bunaithe ar an litearthacht seachas ar an mBéarla nó ar litríocht' (Helen) (Marshall agus Gibbons, 2018: 211).

Seachas an tástáil litearthachta, déantar measúnú ar gach scoláire trí úsáid a bhaint as measúnú cúrsa-bhunaithe a mharcálann a mhúinteoir ranga agus a ndéantar modhnóireacht orthu anois agus arís laistigh de scoileanna, rud nach bhfuil éigeantach. Tá fadhbanna leis seo sa mhéid agus gur deacair fios a bheith agat an ndéanann scoil áirithe, nó múinteoir áirithe fiú amháin, measúnú sa tslí chéanna agus a dhéanann scoil nó múinteoir eile. Ar an mbonn sin, tá an Baccalauréat Idirnáisiúnta ag éirí níos coitianta toisc go 'dtugann sé muinín d'oifigigh riaracháin [ollscoile]' (Fitzgerald 2015: 21). Tá "déine an chláir" (ibid.: 15) i gceist chomh maith, rud atá difriúil le córas measúnaithe inscoile, cúrsa-bhunaithe Ontario. Tá obair chúrsa i gceist le measúnú an Baccalaureate Idirnáisiúnta, ach déantar modhnóireacht sheachtrach agus inmheánach air seo.

D'ainneoin sin is é measúnú múinteoir-bhunaithe an gnáthchleachtas agus féadfaidh sé seo measúnú foirmitheach agus suimitheach a chumasú fiú agus an measúnú deiridh á chur i gcrích. Agus taighde á dhéanamh ar theagasc an Bhéarla in Ontario, bhain múinteoir amháin úsáid as Measúnú Chun Foghlama, cur i láthair ó bhéal, nuair a bhí buaicthasc (measúnú

suimitheach) á chur i gcrích. Chuir sí ceisteanna ar an scoláire a bhí i mbun cuir i láthair a bhí carnach agus a chabhraigh lena fheidhmíocht mar aon le feidhmíocht na ndaoine a bhí ina dhiaidh (Marshall agus Gibbons, 2018).

Tugann sé seo neamhspleáchas do mhúinteoirí ina gcuid teagaisc chomh maith. Dúirt múinteoir amháin a ghlac páirt sa staidéar. 'Nach iontach an rud é nach bhfuil tástálacha caighdeánaithe againn' (Wanda). Leanann an múinteoir uirthi ag rá,

Ní dhéanann roinnt ranganna staidéar ar úrscéal fiú, staidéar uile-ranga ar úrscéal cur i gcás, déanann siad rud níos cosúla le ciorcail léitheoireachta nó grúpaí leabhar ionas go mbíonn níos mó rogha ag an scoláire. Mar sin seans go bhfaighidís liosta ar a bhfuil ocht dteideal agus go roghnóidís ceann amháin díobh dá gcuid staidéir ar úrscéal agus ansin bíonn triúr eile sa seomra ag léamh an leabhair chéanna. Agus mar sin is féidir an leagan amach sin a bheith ar staidéar a dhéanamh ar úrscéal (Wanda) (ibid.: 211).

ROGHNÚ NA DTÉACSANNA

Tugann an easpa téacsanna ainmnithe i bhfad níos mó neamhspleáchas don mhúinteoir, bíodh agus go ndéanann formhór na scoileanna staidéar ar théacsanna renaissance lena n-áirítear Shakespeare. An t-aon ábhar dualgais ná litríocht de chuid Cheanada. Chumasaigh cuimsiú údair de chuid Cheanada tuilleadh éagsúlacht téacsanna. Bíodh agus nach bhfuil aon treoir oifigiúil maidir leis na téacsanna a roghnaítear, tá méadú tagtha ar líon na scoileanna a dhéanann staidéar ar scríbhneoirí Bundúchasacha. Bhí *Fifth Business* le Robson Davies (2015) á mhúineadh ag dhá cheann de na scoileanna a ghlac páirt sa staidéar a rinne Marshall agus Gibbons (2018) ach múineann siad *Indian Horse* le Richard Wagamese (2012) anois. Tá sé bunaithe ar bhuachaill a mbaintear mí-úsáid as sa chóras tithe cúraim.

Tá sé go hiontach agus tá dáimh ag na páistí leis agus leis na buachaillí nach raibh ceanúil ar an léitheoireacht agus tá scoláire agam a scríobh a mhachnamh deiridh faoi seo agus faoi féin a bheith de bhunadh na Móhácach ar thaobh amháin agus go mbíodh sé ag insint bréag dá shaol ar fad ag rá le daoine gur Easpáinneach a bhí ann toisc nár chuala sé aon rud maith faoi bheith i d'Indiach riamh. Léigh sé an leabhar seo ansin, agus ba é an

chéad uair a bhraith sé bródúil a chur in iúl gur Móhácach é. (Marian) (Marshall agus Gibbons, 2018,: 7).

Is láidir an fonn a bhíonn ar a ndaltaí dáimh a bheith acu leis an téacs agus nascann sé Marian ní hamháin leis an riachtanas reachtúil litríocht Cheanada a theagasc ach arís le samhail fáis pearsanta an teagaisc (Gibbons, 2017).

An Ríocht Aontaithe: Sasana

Tugadh an curaclam is déanaí don Bhéarla i Sasana isteach sa bhliain 2014 agus baineann sé le scoláirí suas le 16 bliana d'aois. An aidhm a bhí ann, de réir Aire Stáit an Oideachais, Michael Gove, ná,

Leasú a dhéanamh ar an mBéarla – ba cheart go mbeadh traidisiún iontach ár gcuid litríochta ar nós Dryden, Pope, Swift, Byron, Keats, Shelley, Austen, Dickens agus Hardy – a bheith i gcroílár shaol na scoile. Tá ár gcuid litríochta ar an litríocht is fearr ar domhan – tá sé d'oidhreacht ag gach páiste agus ba cheart go mbeimis bródúil í a theagasc i ngach scoil (Gove, 2010).

Is suimiúil é, áfach, cé go gcuireann na dátaí a luaitear sa churaclam litríocht ó roimh an bhfichiú céad in iúl gurb é Shakespeare an t-aon údar a ainmnítear. Bíonn ar an scoláire staidéar a dhéanamh ar dhá dhráma de chuid Shakespeare agus é idir 11 agus 14 bliana d'aois (príomhchéim 3) agus ceann amháin ar a laghad idir cúig bliana déag agus sé bliana déag d'aois (príomhchéim 4). Ag Príomhchéim 3 bíonn orthu staidéar a dhéanamh ar 'shaothair ardchaighdeáin' (DfE, 2014: 14) i 'litríocht an Bhéarla, idir shaothair ó roimh 1914 agus shaothair chomhaimseartha, lena n-áirítear próis, filíocht agus drámaíocht' agus 'litríocht dhomhanda cheannródaíoch' (ibid.: 14). Ag Príomhchéim 4 caithfear 'múineadh' dóibh conas 'doimhneacht agus cumhacht oidhreacht liteartha an Bhéarla a léamh agus léirtheiscint a bheith aige uirthi' lena n-áirítear 'saothair ón 19ú, 20ú agus 21ú haois' agus 'filíocht ó 1789 ar aghaidh, lena n-áirítear filíocht Rómánsach ionadaíoch' (ibid.: 14) mar aon le 'réimse leathan litríocht chlasaiceach, ardchaighdeáin agus dhúshlánach agus neamhfhicsean liteartha fairsing, amhail aistí, léirmheasanna agus iriseoireacht' (ibid.: 14).

Is fiú roinnt pointí a lua. An chéad cheann acu seo ná nach mbaineann an curaclam ach le scoileanna de chuid na n-údarás áitiúil. Ní chaithfidh scoileanna ar acadaimh, scoileanna saora nó scoileanna príobháideacha iad é a leanúint. Tá an tsaoirse acu pé rud gur mian leo a theagasc. Bíodh sin amhlaidh, má thugann siad faoi scrúduithe TGManna, a leanann an curaclam náisiúnta, beidh orthu a bhfuil de dhíth ag Príomhchéim 4 (15-16 bliana d'aois) a

chur i gcrích. Bíodh agus gur acadaimh nó scoileanna saora iad 75% de scoileanna dara leibhéal anois, cinntíonn an córas measúnaithe go leantar an curaclam náisiúnta. I bhfianaise go bhfuil táblaí rangaithe ag scoileanna agus gur croí-ábhar é an Béarla ní hamháin go bhfuil riachtanas ann gnéithe réamhriachtanacha an churaclaim a chomhlíonadh ach tá brú ollmhór go n-éireodh go maith leo sna scrúduithe. Mar a luaigh Stobart, 'tá lucht déanta beartas tar éis a aithint gur féidir úsáid a bhaint as an measúnú mar uirlis chumhachtach i dtaca le leasuithe a chur i bhfeidhm ar an oideachas. Cinnfidh an méid a ndéantar tástáil air an méid a mhúinfear agus an tslí a múinfear é, go háirithe má bhíonn iarmhairtí tábhachtacha ag baint leis' (2008: 118).

An dara pointe acu seo ná an teanga a úsáidtear, go háirithe ag Príomhchéim 4. An chéad rud ná gur cheart an scoláire a 'theagasc'. Níl aon bhraistint gur cheart dó foghlaim faoin litríocht, fiú nuair gur cheart a theagasc dó conas 'léirthuisct a bheith aige ar dhoimhneacht agus ar chumhacht oidhreacht liteartha an Bhéarla' (DfE, 2014: 14). Is cosúil go gcuireann neas-suíomh na bhfocal teagasc agus léirthuisct in iúl go bhfuil léirthuisct mar ordú ag leanúint treorach seachas mar phróiseas foghlama. Treisítear an tuairim go bhfuil léirthuisct an scoláire ceangailte le hualach an teagaisc toisc gur 'oidhreacht liteartha' a bhfuil 'doimhneacht agus cumhacht' inti atá á theagasc dó, rud gur deacair a rá nach mbeidh sé dodhéanta imeacht uaidh.

Tá iarrachtaí déanta ag múinteoirí Béarla oibriú timpeall ar an ráiteas seo. I dtaighde a rinneadh i Sasana, i gCeanada agus in Albain, dúirt múinteoir amháin go ndearna sí iarracht,

Tús a chur leis an gceacht le rud éigin atá beagáinín níos ábhartha dóibh sa chomhthéacs áirithe; mar sin agus sinn ag déanamh staidéar ar radharc na balcóine, d'fhéachamar ar leathanach lucht tacaíochta Justin Bieber maidir leis an méid geana a bhí acu air. I dtús nuair a d'fhéachamar ar an mBrollach d'fhéachamar ar a lán fógraí le haghaidh cluichí sacair idir Manchain Aontaithe agus Cathair Mhanchain mar sin déanaim iarracht é a chur i gcomhthéacs dóibh chun é a déanamh níos ábhartha dóibh agus is cosúil go mbaineann siad taitneamh as sin. (Catherine) (Marshall et al, 2018: 68)

Fós féin bíonn riachtanais an chórais scrúdaithe chomh héilitheach sin gur fíordheacair dóibh é sin a dhéanamh. Ceann de na tascanna a mbíonn ar an scoláire tabhairt faoi chun critéir mheasúnaithe scrúdú teanga AQA a comhlíonadh ná neamhfhicsean ó roimh an bhfichiú haois a chur i gcomparáid le neamhfhicsean ón bhfichiú haois. Chuir múinteoir a bhí ag déanamh trácht ar an scrúdú teanga a chuid frustrachais in iúl:

‘Cén fáth sa diabhal a gcuirfeá scríbhneoireacht Victeoiriach maidir le príosúin i gcomparáid le blag ar an ábhar sin anois... cén fáth sa diabhal a ndéanfá é sin? Agus níl slí ar bith aimsithe agam gur féidir liom é sin a chur ina bheatha arís. Bíonn sé deacair go leor ar an leibhéal is airde gur féidir leat a shamhlú gur léirmheastóir hioipstar thú... glac an dearcadh réchúiseach ‘conas mar a bhí cúrsaí ag an am sin? Cad atá athraithe ó shin?’ Ach le haghaidh páiste nach í an léitheoireacht an ghnáthshlí a ndéanann sé eolas ar chúrsaí aimsiú – tá sé eisiach d’aon ghnó. (Nigel) (Marshall et al, 2018,: 78)

Cuireann an gearán a rinne sé maidir leis na siollabais scrúdaithe, agus an curaclam náisiúnta dá réir, bheith ‘eisiach d’aon ghnó’ in iúl go gcuireann beart a rinne déantóirí an churaclaim iallach air teagasc ar slí a fhágfaidh scoláirí áirithe ar lár. Is suimiúil gur roghnaigh sé an focal ‘aimsiú’ chomh maith. Tá sé i gcodarsnacht leis an méid a iarrtar air a dhéanamh. Tá sé éirithe ina theagascóir ón mbarr anuas anois ag cur bac ar an scoláire rudaí a ‘aimsiú’, a fhoghlaim, ón mbonn aníos. Déanann Catherine trácht air seo:

Is dóigh liom, níos mó ná riamh, go háirithe leis na hathruithe a bhfuilimid díreach tar éis aghaidh a thabhairt orthu, go bhfuil an bhraistint ann nach bhfuil go leor caipiteal cultúrtha ag na páistí seo níos coitianta ná riamh... ar go leor leibhéal níl an caipiteal cultúrtha ná an t-eolas maidir leis an tsochaí, ar a bhfuil na téacsanna seo bunaithe, acu. San áit go mb’fhéidir go bhfuil a leithéid acu i roinnt scoileanna... is dóigh liom go mbeidh bearna i bhfad níos leithne ann anois idir scoileanna ó bhardais dhifriúla agus ó scoileanna a bhfuil rollacháin dhifriúla acu ná mar a bhí cheana, b’fhéidir. Is dóigh liom, de bharr nach bhfuil mórán téacsanna le scríbhneoirí ó chúlraí eitneacha difriúla, ó chúlraí cultúrtha difriúla, gur rud fíorthábhachtach é sin dár bpáistí. (Catherine) (ibid.: 79)

Tá an úsáid a bhaineann sí as na focail ‘caipiteal cultúrtha’ i gcodarsnacht le hoidhreacht chultúrtha an churaclaim náisiúnta agus is cosúil go gceistíonn sí cé leo an oidhreacht a ndéantar trácht uirthi ann. Tugann a trácht chomh fada leis an trío pointe muid, is é sin Príomhchéim 3 (11-14 bliana d’aois). Tá an teanga a úsáidtear i dtaca lena bhfuil á éileamh ag Príomhchéim 3 níos scaoilte. Tá an scoláire in ainm ‘léirthuisicint agus grá don léitheoireacht a fhorbairt’ (DfE, 2014: 14). Bíodh agus go bhfuil béim ar litríocht ó roimh an bhfichiú haois fós, tá tagairt do ‘litríocht dhomhanda cheannródaíoch’ chomh maith. Is deacair a rá a mhéid agus gur glacadh leis seo. I suirbhé ar théacsanna a ndearnadh staidéar orthu ag Príomhchéim 3 in iarthar Shasana níor luadh ach leabhar amháin *Face* le Benjamin Zephania (1999) (Smith, 2020). Tá an fhéidearthacht ann go mbeadh an scéal difriúil i gceantair ina bhfuil daonra ard mionlaigh eitneacha. De réir a chéile, tá éileamh níos mó ag teacht ar leabhair ar nós *The Girl of Ink and Stars* le Kiran Millwood Hargrave (2020) agus *The Hate U Give* le Angie Thomas (2017). I samhradh na bliana 2020, i ndiaidh agóidí Black Lives Matter, thiomnaigh *The English Teaching Magazine*, foilseachán gairmiúil Cumann Náisiúnta um Theagasc an Bhéarla eagrán iomlán do ‘Díchoilíniú an Churaclaim’.

MEASÚNÚ

I Sasana tá dhá cháilíocht ar leith ar fáil, Teanga an Bhéarla agus Litríocht an Bhéarla. Is scrúduithe deiridh iad seo araon, bíodh agus gur múinteoirí a rinne measúnú orthu le linn Covid. Cuirtear na scrúduithe teanga agus litríochta araon i dtreo scóir *Progress 8* a tugadh isteach chun súil a choimeád ar dhul chun cinn. In *Progress 8* dúblaíonn siad na marcanna le haghaidh Béarla agus Matamaitic. I ndiaidh agóidí de chuid ghairm na múinteoireachta Béarla, cinneadh go bhféadfadh gur marc litríochta nó marc teanga a bheadh ann. Rinneadh é seo chun cosc a chur ar scoileanna a bhí ag díriú ar an teanga amháin agus an litríocht á fágáil ar lár acu. I scrúduithe na bliana 2019 thug 765,332 scoláire faoi theanga i gcomparáid le 587,052 a thug faoin litríocht. Bíodh agus go bhfuil an chuma air go dtugann níos mó scoláirí faoin teanga, áirítear scoláirí bhliain 12 a thug faoin scrúdú in athuair san fhiúir sin, rud a d’fhéadfadh na figiúirí a chur as riocht. Is fíor é fós go dtugann níos mó daoine faoin scrúdú teanga ach is cosúil go bhfuil an fonn ar mhúinteoirí Béarla a chinntiú go dtugann formhór

mór na scoláirí faoin litríocht seanchaite anois, fiú más rud é nach bhfuil inneachar an scrúdaithe litríochta idéalach.

Mar a dúradh thuas, is trí na siollabais scrúduithe, a chaithfidh na scoileanna a dhéanamh, rud nach amhlaidh i gcás an churaclaim náisiúnta, a leantar an curaclam náisiúnta. Is é an toradh air seo ná go bhfuil easpa éagsúlachta sa churaclam, agus sna siollabais dá réir. Is le scríbhneoirí geala gach téacs atá ann ó roimh an bhfichiú haois. Bíonn úrscéalta agus drámaí de chuid mionlaigh eitneacha ón 20ú agus ón 21ú haois ann in amanna amhail *Anita and Me*, le Meera Syal, *Refugee Boy* le Benjamin Zephania nó *Boy's Don't Cry* le Malorie Blackman, ach is annamh a roghnaítear iad seo agus is mó a dhéantar staidéar ar théacsanna amhail *An Inspector Calls* le Priestly nó *Lord of the Flies* le Golding. Tá roinnt bord, OCR mar shampla, ag tabhairt faoin rogha ó mhionlaigh eitneacha Bhriotanacha a mhéadú.

ROGHNÚ NA DTÉACSANNA

Tá na boird scrúdaithe, a bhfuil ceithre cinn acu i Sasana, (AQA, Edexcel, OCR agus WJEC) neamhspleách ón DfE ach bíonn orthu cloí leis an gcuraclam náisiúnta fós féin. Caithfidh an scoláire a dhéanann staidéar le haghaidh an scrúdaithe litríochta staidéar a dhéanamh ar dhráma amháin de chuid Shakespeare, úrscéal ón naoú haois déag agus ó dhrámadóir nó úrscéalaí Briotanach ón bhfichiú haois. Arís, bíodh agus nach bhfuil aon údair eile seachas Shakespeare sa churaclam náisiúnta, tá na liostaí téacsanna a thugann na boird scrúdaithe ar féidir staidéar a dhéanamh orthu teoranta bíodh agus nach dtugtar aon chritéar oifigiúil do na boird i dtaca leis na téacsanna ba cheart a roghnú. Mar shampla, i gcás AQA is iad na leabhair is mó a roghnaítear ná *Dr Jekyll and Mr Hyde* nó *A Christmas Carol*, bíodh agus go bhfuil *Frankenstein*, *Jane Eyre*, *Pride and Prejudice* agus *The Sign of Four* ar fáil chomh maith. Ní ofráilann Edexcel *Sign of Four* ach ofráilann siad *Great Expectations* agus *Silas Marner* ina áit. Tugann formhór mór na scoláirí faoi na scrúduithe AQA. Déantar roghnú na dtéacsanna do gach bord ag coiste daoine aonair a n-iarrtar orthu a bheith ina gcomhaltaí. Ní fhógraítear na poist. Bíonn na boird comhdhéanta de mhúinteoirí, a bhíonn mar scrúdaitheoirí don bhord de ghnáth, agus lucht léinn, mar aon le daoine a oibríonn don bhord. Go deimhin is córas é gur beag eolas atá ar fáil ina thaobh go poiblí.

Albain

Is curaclam deonach é curaclam na hAlban, an *Curriculum for Excellence* (CfE), agus dearadh é le bheith ina 'chreat a chuireann forbairt smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach chun cinn' (CfE n/d: 24) suas chuig 16 bliana d'aois. Téann formhór na scoláirí ar aghaidh chun staidéar a dhéanamh ar an mBéarla ag aois 17, áfach. Bíodh agus nach bhfuil sé éigeantach do scoileanna é a leanúint, leanann formhór na scoileanna é (Daugherty agus Ecclestone, 2009). Cúis amháin gur amhlaidh an cás ná de bharr go bhfuil sé ag croílár phróiseas cigireachta *Her Majesty's Inspectors of Education (HMIE)*. Mar sin, tá curaclam an Bhéarla lonnaithe laistigh den *Curriculum for Excellence*, atá deartha chun 'spás gairmiúil a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do bhaill foirne eile le húsáid ar mhaithe le riachtanais éagsúla gach páiste agus duine óg a chomhlíonadh' (CfEn/d: 3). Anuas air sin, 'I measc na n-ábhar ar fad, is d'aon ghnó a scríobhadh na hEispéiris agus na Torthaí (E-anna agus T-anna) a chomhdhéanann an curaclam, de réir mar a fhaigheadh an dalta taithí air, ar shlí a d'fhág cinntí áitiúla do mhúinteoirí maidir le modhanna praiticiúla ina ndéanfaí iad a fhiosrú agus a bhaint amach'. (Marshall et al, 2018,: 138).

Tá roinnt fianaise ann gur chuir CfE 'spás gairmiúil' ar fáil do mhúinteoirí. I dtaighde a rinneadh i measc múinteoirí Béarla i gCeanada, in Albain agus i Sasana rinne múinteoir amháin trácht ag rá go raibh an 'Curriculum for Excellence ar an rud is fearr domsa mar mhúinteoir. Thug sé deimhniú dom, deimhniú domsa mar mhúinteoir. (ibid.: 139). Dúirt duine eile,

Cuireann prionsabail CfE an tslí ina múinim pé scéal é i bhfocal, mar sin bhraith é gur shaor sé mé, toisc go raibh mé ag teagasc ar shlí áirithe pé scéal é agus gur thug sé seo dearbhú dó sin... Is dóigh liom gur cheadaigh sé, i gcás an Bhéarla agus i gcás mo chuid cleachtas féin, gur cheadaigh sé dom a bheith níos cruthaithí, rud a thaitin liom. Is cinnte gur chuir sé dúshlán roimh mo chuid smaointeoireachta' (ibid.: 140).

Cuireann an dá thrácht seo, mar aon le torthaí eile sa tuairisc, le fios go dtacaíonn an curaclam leo mar mhúinteoirí agus go dtugann sé braistint ghníomhaireachta, dearbhaithe agus saoirse dóibh agus iad ina múinteoirí.

Tá ceithre phríomhshnáithe sa churaclam: sláinte agus folláine, litearthacht san fhoghlaim tríd síos agus uimhearthacht san fhoghlaim tríd síos, agus tá sé d'intinn go gcuirfidh speisialaithe ábhar iad seo san áireamh agus a gcuid oibre á pleanáil acu. Mar shampla,

Leagtar béim ar thábhacht scileanna litearthachta a fhorbairt i ngach réimse den churaclam tríd síos in *Building the Curriculum 1*. Tá gach cleachtóir... i suíomh inar féidir leo ionchuir thábhachtacha a bheith acu i bhforbairt agus i ndaingniú scileanna litearthachta páistí agus daoine óga (CfE: 21)

Bíodh sin amhlaidh tá an litearthacht ceangailte leis na mBéarla go háirithe; tá sí le feiceáil sa teideal atá ar an gcuraclam – Litearthacht agus Béarla. Faoin gceannteideal Prionsabail agus Cleachtais, atá mar thús sa chuid intreoir sé leathanach le haghaidh churaclam an Bhéarla, tosaítear amach le mian níos ginearálta don litearthacht:

Tá tábhacht phearsanta, shóisialta agus eacnamaíoch le teanga agus litearthacht. Tá ár gcumas teanga a úsáid i gcroílár na forbartha agus i gcroílár léiriú ár gcuid mothúchán, ár gcuid smaointeoireachta, ár bhfoghlaim agus ár mbraistint féiniúlachta pearsanta. Is príomhghné dár gcultúr í an teanga ann féin.

Sula ndéantar é níos sonraí i dtaca le curaclam an Bhéarla:

Trí theanga, is féidir le páistí agus daoine óga rochtain a fháil ar oidhreacht liteartha an chine daonna agus a léirthuisicint ar shailbhreas agus ar fhairsinge oidhreacht liteartha na hAlban a fhorbairt. Bíonn teagmháil ag páistí agus ag daoine óga leis an éagsúlacht teanga a úsáidtear ina n-áiteanna baile, ina bpobail, sna meáin agus i measc a bpiaraí, baineann siad taitneamh as agus foghlaimíonn siad uathí (ibid.: 124).

Leagtar an bhéim ar a bheith liteartha mar go bhfuil an ‘Lítearthacht mar bhunús le gach réimse foghlama’ (ibid.: 124). Meastar go bhfuil na réimsí sin atá níos claonta i dtreo na lítearthachta níos Sasanaí. Mar shampla, tá rannóg éagsúil acu maidir le ‘téacsanna Albainise agus Albanacha’.

Cuireann teangacha, canúintí agus litríocht na hAlban foinse shaibhir ar fáil le go bhfoghlaimeodh páistí agus daoine óga mar gheall ar chultúr, féiniúlacht agus teanga na hAlban. Trí dhul i ngleic le réimse leathan téacsanna forbróidh siad léirthuisctint ar oidhreacht liteartha agus teanga bheoga na hAlban agus ar a teangacha agus canúintí dúchasacha. (ibid.: 127)

Cuirtear leis ag rá ‘Leathann an prionsabal seo trí na heispéiris agus na torthaí agus táthar ag súil go dtógfaidh na cleachtóirí ar an éagsúlacht teanga a ndéantar ionadaíocht uirthi laistigh de phobail na hAlban, agus luach á chur le teangacha a dtugann páistí agus daoine óga leo ar scoil’ (ibid.: 127). Bíodh agus nach ndeir siad é, d’fhéadfadh éagsúlacht cúlraí mar aon le teangacha, nach de bhunadh na hAlban iad, a d’fhéadfadh a bheith ag na scoláirí, a bheith i gceist le teangacha. Mar sin féin, tá suntas ag baint leis an bhfócas ar, leis an mbéim ar agus le hainmniú téacsanna Albanacha.

Faoin gcuid ‘eispéiris agus torthaí’, a scríobhadh ó léargas scoláire, titeann formhór na n-ábhar faoi scáth na lítearthachta, agus a mionlach faoin mBéarla. Mar sin, ‘Bíonn ról tábhachtach ag forbairt scileanna lítearthachta san fhoghlaim uile. Forbraím agus cuirim le mo chuid scileanna lítearthachta nuair a bhíonn deiseanna agam.’ liostaítear sé mhír. ‘Agus mo chuid scileanna teanga Béarla á bhforbairt agam’ tá dhá ghné a bhaineann le lítearthacht (rud atá íorónta): ‘Téim i ngleic le réimse leathan téacsanna agus tá léirthuisctint á forbairt agam ar shaibhreas agus ar fhairsinge oidhreacht liteartha agus teanga na hAlban’ (ibid.: 129) agus ‘Bainim taitneamh as pátrúin focail agus struchtúir téacsanna a fhiosrú agus a phlé’ (ibid.: 129). Is suimiúil go gcuireann siad dhá nóta leis an gcuid seo:

1. Sainítear na téacsanna sna prionsabail agus sa pháipéar cleachtais. Beidh téacsanna atá ábhartha do gach réimse foghlama, agus samplaí de scríbhneoireacht le húdair Albanacha a bhaineann le stair, le hoidhreacht agus le cultúr na hAlban ina measc. D'fhéadfadh aistriúcháin ar scríbhneoireacht in Albainis agus i nGaeilge na hAlban a bheith ina measc chomh maith.

2. Áireofar na teangacha a thugann páistí agus daoine óga chuig an seomra ranga agus chuig suíomhanna eile i measc theangacha na hAlban (ibid.: 129).

Roinntear an curaclam ina thrí 'eagraí' ansin, a mbaineann braistint beagáinín níos iomlánaíche leo, in ainneoin na ndeighiltí sa churaclam. Is iad siúd – éisteacht agus caint, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Arís, agus é curtha san áireamh go leagtar béim ar an litearthacht, a d'fhéadfadh díchódú téacsanna clóite a bheith i gceist leis i gcás daoine áirithe, baineann suntas leis gur chuir siad éisteacht agus caint ar dtús. Chomh maith leis sin, mar a chonaiceamar thuas, sainmhíonn siad téacsanna, agus iad ag iarraidh a bheith 'seasmhach i leith na todhchaí', mar 'an meán trínar féidir smaointe, eispéiris, tuairimí agus eolas a chur in iúl' (ibid.: 127). Mar sin áiríonn sé 'an focal labhartha' mar aon le 'scannáin, cluichí agus cláir theilifíse, lipéid, comharthaí agus póstaeir, oidis, treoirleabhair, treoracha agus tuairiscí, teachtaireachtaí téacs, blaganna agus suíomhanna líonraithe sóisialta, catalóga agus eolairí' (ibid) mar aon le húrscéalta srl.

Laistigh de na heagraithe, chuir siad éisteacht ar dtús, a chuireann a suntas in iúl, agus go leanann an focal 'talk' í. I slite áirithe tá braistint níos dialógaí ag baint le 'talk'. Má labhraíonn (talk) tú d'fhéadfadh gur i d'aonar a bheifeá ag labhairt. Ach, mar shampla, bíonn 'speakers' agat ag comhdhálacha nó díospóireachtaí; bíonn 'keynote speakers' agat. Sa chás seo, go bunúsach, tá an duine ina bhriathar anois; is ionann an duine agus an 'speaker'. Is féidir leat caint (talk) a thabhairt, ach ansin bíonn an duine a bhfuil an chaint (talk) á tabhairt acu scartha ón mbriathar. Tá an smaoineamh ann maidir le 'talker' ach sa chomhthéacs sin bíonn braistint saghas díspreagúil ann. Is duine a bhíonn a labhairt an iomarca a bhíonn i gceist leis. Is rud níos coitianta í an labhairt (talking), rud laethúil. Focal níos séimhe nó níos dea-bhéasaí is ea 'speaking', ar shlí éigin.

Tá na heagraithe seo deighilte arís ina snáitheanna. Tá suntas leo seo chomh maith. Mar shampla, tá trí shnáithe sa léitheoireacht, Léitheoireacht ar Bhonn Pléisiúir, Léitheoireacht ar mhaithe le hEolas agus Léitheoireacht chun Léirthuisctint a fháil ar Cheird an Scríbhneora. I dtús déanann sé deighilt idir a mbíonn i gceist againn le léitheoireacht, agus léitheoireacht ar bhonn pléisiúir á cur ar dtús, atá ar an rud is tábhachtaí b'fhéidir. D'fhéadfadh go mbeadh sé deacair measúnú a dhéanamh ar an méid léitheoireachta a rinne duine ar mhaithe leis an taitneamh a bhaineann siad as an léitheoireacht agus fós féin tá an tábhacht a bhaineann leis fógartha ag muintir na hAlban.

Rud suntasach is ea é go scarann siad é seo amach ó léitheoireacht ar mhaithe le 'heolas' agus léitheoireacht ar mhaithe le 'léirthuisctint a fháil ar cheird an scríbhneora'. Tuisctint amháin gur féidir a bhaint as seo ná nach gníomhaíocht thaitneamhach í léitheoireacht chun eolas a aimsiú, ach go gcaithfear í a dhéanamh. Tá sí difriúil leis léirthuisctint chomh maith. Is rogha focail suimiúil é léirthuisctint chomh maith. Arís, ceanglaítear é níos mó le taitneamh a bhaint as rud, agus ar shlite áirithe, a bheith i do shaineolaí, ná mar a dhéantar leis an bhfocal cáineadh, mar shampla. Iarrtar orthu 'léirthuisctint' a bheith acu ar 'cheird na scríbhneoireachta'. Tagraíonn an focal ceird d'ealaín agus do cheardaíocht an scríbhneora.

Tá an Scríbhneoireacht foroinnte ina ceithre shnáithe. Arís, bíodh agus go ndéantar na hEispéiris agus na Torthaí ar fad a chatagóiriú faoin litearthacht, agus gan ach cinn Shasanacha sna cinn dheireanacha, tugann siad braistint dhifriúil don litearthacht de réir mar a bhreathnaítear uirthi i Sasana, mar shampla. Cuirtear tús leis an gcuid seo le 'Taitneamh agus Rogha' agus cuirtear deireadh leis le 'Téacsanna a Chruthú'. Is cosúil gur ceapadh é le bheith níos réamhghníomhaí agus an scoláire ag déanamh cinnidh, ag úsáid 'Uirlisí le haghaidh scríbhneoireachta', seachas rialacha a bheith á gcur i bhfeidhm orthu a chaithfear a leanúint.

MEASÚNÚ

Bíodh agus gur ardaíodh gur cheart tástálacha éigeantacha a bheith ann, mar a bhí i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, aontaíodh, i ndiaidh neart plé agus míshocrachta i measc an phobail, go mbíodh agus go raibh na tástálacha éigeantach, gur cheart go ndéanfadh an scoláire iad

nuair a bheadh sé féin réidh. Fós féin, tháinig na tástálacha i réim. De réir mar a scríobh Louise Hayward,

Bhí ceannas ag spriocanna gnóthachtála ar smaointeoireacht i scoileanna agus i seomraí ranga agus baineadh úsáid as Tástálacha Náisiúnta chun cinneadh a dhéanamh ar ghnóthaigh páiste leibhéal gnóthachtála sa Bhéarla agus sa mhatamaitic nó nár ghnóthaigh. Seachas iad a bheith á n-úsáid chun breithiúnas gairmiúil na múinteoirí a dhearbhu nó dúshlán a chur faoi, bhí Trialacha Náisiúnta ag teacht in ionad an bhreithiúnais sin (2007:255).

Arís, i bhfriotal atá éirithe i bhfad róchoitianta, de réir a chéile bíonn comhchiall idir tástáil agus gnóthachtáil pháiste a thomhas seachas an méid iomlán a d'fhéadfaidís a bhaint amach a thomhas.

Níl de chumas ag tástáil aonair ach sampla beag d'inneachar cláir nó cúrsa a chur ar fáil agus mar sin d'fhéadfadh nach dtabharfadh sé deis don scoláire an méid atá ar eolas aige a léiriú... de réir a chéile is ionann an bhrí a bhaintear as 'Cumas' agus an méid a thomhaistear i dtástálacha, seachas an méid a mhúintear i gcláir agus, toisc go bhfuil cuma néata chruinn ar an scór nó grád, ceanglaímid i bhfad níos mó céille leis ná mar a fhíoraíonn an fhianaise (Hutchinson and Hayward, 2005,: 242).

Tá measúnú chun foghlama tar éis forbairt ina phríomhfhócas i gcóras na hAlban agus, mar aon le curaclam nua na Breataine Bige, tá tiomantas soiléir ann chuig measúnú chun foghlama. Ón mbliain 2014 tugann gach scoláire in Albain faoi '*National*' 4 agus 5 ag aois 16 agus ag aois 17 tugann siad faoi '*Highers*'. Bíonn dhá pháipéar scrúdaithe dar luach 70 marc agus punann scríofa amháin dar luach 30 marc ag an scoláire a thugann faoi '*National 5*'. Marcálann Údarás Cáilíochtaí na hAlban iad ar fad. Sa chéad pháipéar caithfidh siad scríobh faoi théacs Albanach.

Is measúnú suimitheach deiridh atá i gceist le scríobh na punainne agus nuair a thosaíonn an t-iarratasóir ar phróiseas dréachtaithe a gcuid píosaí scríbhneoireachta caithfear é seo a dhéanamh faoi stiúir dhíreach an mhúinteora nó an léachtóra. Ag an bpointe seo ní féidir le haon duine eile baint a bheith acu le plé ná le hathbhreithniú obair an iarratasóra.

San áit go mbíonn amhras maidir le húdaracht píosa scríbhneoireachta ní féidir glacadh leis mar thaisceadh punainne (Údarás Cáilíochtaí na hAlban, 2018,: 13).

Déantar cáineadh ar an scrúdú, mar sin féin.

An tionchar praiticiúil, nach raibh i gceist tarlú, a bhí ag córas teistiúcháin Údarás Cáilíochtaí na hAlban i gcaitheamh na tréimhse 2000-2017 ná gur cúngaíodh an réimse oibre Béarla a dhéanann neart scoláirí 15-17 bliana d'aois go suntasach, lena n-áirítear an raon litríochta a ndéantar staidéar air. D'éirigh sé níos dóchúla ná mar a bhíodh roimhe go bhféadfadh múinteoirí an t-íosriachtanas a bheadh ann chun go ghnóthódh scoláire pas in aonad agus grád pas sa scrúdú a thuar go fóorchruinn. Mar sin tá 'teagasc don scrúdú' fíordhlúth tar éis a bheith ina phatrún i neart ranna Béarla (Marshall et al., 2018,: 44).

ROGHNÚ NA DTÉACSANNA

Cinneann an scoil na téacsanna a ndéanfar staidéar orthu, ach caithfear údar Albanach a bheith san áireamh. Roghanna ar nós *Sunset Song* (Gibbon, 2006) is mó a dhéantar.

An Bhreatain Bheag

Tá curaclam náisiúnta nua ag teacht chun na Breataine Bige sa bhliain 2022, le haghaidh scoláirí suas chuig aois 16, agus rinneadh reachtaíocht chuige cheana féin san Acht Curaclaim agus Measúnaithe (an Bhreatain Bheag) (2020). Difriúil le leaganacha den churaclam náisiúnta a bhí ann roimhe cruthaíodh é seo trí oibriú i gcomhar le scoileanna agus múinteoirí. Dearadh é ionas go dtugtar tús áite do bhreithnithe maidir lena bhfuil á iarradh sa churaclam agus is rud tánaisteach é an tslí ina ndéantar measúnú air. Bíodh agus go bhfuil sé éigeantach agus gur croí-ábhar é an Béarla, dearann an scoil an curaclam féin i dtreoir le prionsabail áirithe. An chéad rud ná go gcaithfidh an curaclam uileghabhálach ceithre fheidhm a leanúint sa tslí agus go mbíonn an scoláire:

- ina fhoghlaim uailmhianach cumasach, atá réidh le foghlaim i gcaitheamh a shaoil
- ina rannpháirtí fiontraíoch cruthaitheach, atá réidh páirt iomlán a ghlacadh sa saol agus san obair
- ina shaoránach eiticíúil eolach de chuid na Breataine Bige agus an domhain
- ina dhuine sláintiúil muiníneach, atá réidh tabhairt faoi shaol saibhir agus é ina bhall den tsochaí, ball a bhfuil luach againn air (Education Wales, 2021)

Tá na scileanna bunriachtanacha don fhoghlaim agus don teagasc mar bhonn faoi na feidhmeanna seo. Fós féin,

I gcroílár na scileanna seo tá an tábhacht go n-aithneodh an fhoghlaim cineálacha luacha difriúla, iad a úsáid agus a chruthú. Sa chomhthéacs seo ciallaíonn luach fiúntas agus tábhacht i raon comhthéacsanna, lena n-áirítear luach airgeadais, cultúrtha, sóisialta agus foghlama (Education Wales, 2021).

Ní hamháin go bhfuil uathu an bhrí a bhaineann le scileanna, rud a cheanglaítear le feidhmiúlacht, a athrú chuig rud a bhfuil luach leis (in ainneoin gur cuireadh airgeadas roimh chultúr), leanann siad agus sainiú á thabhairt air le hainmfhocal eile nach gceanglaítear le scileanna de ghnáth – fiúntas.

Mar aon leis sin, ‘Léiriú atá sa Chreat ar an mBreatain Bheag, a hoidhreacht agus a héagsúlacht chultúrtha, a teangacha agus a luachanna, a stair agus traidisiúin a pobal agus traidisiúin a muintire uile’ (Education Wales, 2021). Is féidir breathnú ar an ráiteas sa tslí agus go bhfuil impleachtaí iar-choilíneacha ann agus argóint á déanamh ar son meas a dhéanamh ar ‘stair agus traidisiúin pobail’ Bhreatnacha, ar ‘oidhreacht chultúrtha’ na Breataine Bige agus teanga na Breataine thar aon ní eile, ach cuireann sé éagsúlacht eitneach mar aon le ‘stair agus traidisiúin a pobal’ agus ‘oidhreacht chultúrtha’ agus teangacha eile in iúl.

Mar sin féin tá rud éigin atá fíor-Bhreatnach maidir le dearadh an churaclaim sa mhéid agus go n-úsáideann sé focal Breataine nach féidir a aistriú – *cynefin*. ‘Ba cheart go mbeadh an foghlaimeoir fréamhaithe i dtuiscint ar fhéiniúlachtaí, ar thírdhreacha agus ar stair a thagann le chéile chun a *cynefin* a chruthú’ (Education Wales) Is minic a chuirtear gnáthóg mar aistriúchán air ach tá ciall níos mó ag baint leis maidir le baint a bheith ag duine le háit agus le pobal ón am atá caite agus ar bhonn leanúnach, agus cur amach acu ar gach ní a chuireann an focal in iúl. Is féidir *hiraeth* teacht ar dhuine má bhaintear braistint *cynefin* uaidh – focal eile nach féidir a aistriú gur minic a chuirtear cumha ina áit, ach tá i bhfad níos mó ná sin i gceist leis. Ciallaíonn sé cailliúint chultúr agus tírdhreach na Breataine Bige freisin, cailliúint an ‘Bhreatnachais’. Tríd an bhfocal *cynefin* a chur sa churaclam, láraítear é níos daingne agus níos seasmhaí sa Bhreatain Bheag ná aon sainmhínte ar an teanga. Ach fós féin ceanglaíonn sé an Bhreatain Bheag leis an domhan mór. ‘Ní rud áitiúil amháin atá sa *cynefin* seo ach cuireann sé bonn ar fáil le haghaidh saoránacht náisiúnta agus dhomhanda’ (Education Wales, 2021).

Is féidir teacht ar an gcuraclam Béarla féin laistigh den chuid ‘teanga, litearthacht agus cumarsáid’, agus laistigh den chuid seo tá cúig phríomhréimse a gcaithfidh scoil féachaint

orthu ionas gur féidir leo curaclam a scríobh. San intreoir deirtear go bhfuil 'Teangacha agus *litearthacht* mar ghné bunúsach sa chumarsáid dhaonna. Cuireann siad ar ár gcumas ciall a bhaint as an méid a chloistear, a léitear agus a fheictear, agus mar sin cuireann sé ar ár gcumas ár dtuiscint, ár gcomhbhá agus ár gcumas freagartha a fhorbairt agus *idirghabháil* éifeachtach a dhéanamh' (Education Wales, Languages etc., 2021). Tá an litríocht scartha agus sainmhínítear í mar ábhair (Llenyddiaeth) labhartha, scríofa agus amhairc ar saothair samhlaíochta cruthaithí atá iontu, amhail filíocht, drámaíocht, ficsean agus neamhfhicsean ó thréimhsí agus ó chultúir dhifriúla.' 'Fairsingíonn sé ár n-ionchais. Ina foirmeacha ar fad is féidir léi muid a spreagadh agus inspioráid a thabhairt dúinn, fad is a bhíonn sé ag cabhrú linn tuilleadh a fhoghlaim faoi theanga agus faoi chumarsáid' (ibid.). Sa chuid Ráiteas maidir leis an Méid atá Tábhachtach deirtear,

Tacaíonn eispéiris leo léirithuiscint a bheith acu ar cheird an chruthaitheora mar aon lena scileanna cruthaitheacha féin a fhorbairt. Ba cheart iad a spreagadh taithí a fháil ar réimse litríochta a thugann léargas dóibh ar chultúr, ar mhuintir agus ar stair na Breataine Bige mar aon le cultúr, muintir agus stair an domhain mhóir, agus freagairt di.

Arís, is é atá á chur in iúl anseo ná gur cheart staidéar a dhéanamh ar scríbhneoirí Breatnacha chomh maith le scríbhneoirí ón 'domhan mór'. Ní ainmnítear aon scríbhneoir, bíodh agus go bhfuil liosta fada éagsúil de mholtaí sa chuid ina breathnaítear ar 'Fairsinge a Léiriú', ó scríbhneoirí Breatnacha, amhail T.H. Parry Williams trí Shakespeare chuig iar-iarrthóirí tearmainn, amhail Eric Ngalle Charles, chuig scríbhneoirí scrípteanna amhail Russell T.Davies. Iad ar fad mar,

Pheirspictíochtaí agus léirmhínte dhifriúla ar an mBreatain Bheag agus ar eispéiris Bhreatnacha a d'fhéadfadh an foghlaimeoir a spreagadh chun a fhéiniúlacht féin a chur in iúl agus athruithe a tharlaíonn le himeacht aimsire sa tsochaí a thuiscint... [agus] tacaíocht a thabhairt don fhoghlaimeoir a bheith ina shaoránach gníomhach agus rathúil de chuid na Breataine Bige agus an domhain (ibid.).

Tá an aidhm soiléir, 'Trí seo, de réir mar a chuirtear lena thuiscint ar a chuid eispéireas, creideamh agus cultúr féin agus eispéiris, creidimh agus cultúir daoine eile, is féidir leis an bhfoghlaim a chumas comhbhá a léiriú a fhorbairt. Dá réir sin is féidir leis cur lena fholláine mhothúcháinach agus mheabhrach féin' (ibid.). Tacaíonn an litríocht le fás pearsanta.

Mar atá sa Curriculum for Excellence, sa chuid maidir le Cuir Síos ar an bhFoghlaim tá ráitis dul chun cinn a scríobhtar ó dhearcadh an scoláire. Tá ceithre réimse foghlama a chaithfear a mheas, trí cinn bunaithe ar theanga agus an ceathrú ceann bunaithe ar an litríocht:

- nascann teanga sinn lena chéile;
- tá tuiscint ar theanga ríthábhachtach i dtaca leis an domhan inár dtimpeall a thuiscint;
- is rud ríthábhachtach i dtaobh cumarsáide é sinn féin a chur in iúl le teanga;
- spreagann an litríocht an tsamhlaíocht agus tugann sí inspioráid don chruthaitheacht.

Tá ráitis a áiríonn cruthaitheacht an scoláire féin mar aon le léirithuiscint ar cheird daoine eile ag an gceann deireanach seo. Mar shampla, tá ráitis aige ag leibhéal dul chun cinn 4 ar nós 'Is féidir liom mo shamhlaíocht a úsáid agus triail a bhaint as foirmeacha agus teicnící cruthaitheacha difriúla chun mo chuid litríochta féin a chruthú' nó 'is féidir liom príomhsmaointe a fhiosrú, anailís a dhéanamh orthu agus iad a chur i gcomparáid trí úsáid a bhaint as téarmaíocht ábhartha, agus mé ag tacú le mo chuid tuairimí le sonraí téacsúla ábhartha' (ibid., 2021). Comhchuímsíonn an ceann maidir le cumarsáid, an tríú ceann ar an liosta, 'éisteacht agus labhairt' na hAlban agus 'labhairt agus éisteacht' Shasana. Tá cuid ar leith maidir leis an mBreatnais i suíomhanna/scoileanna/sruthanna Béarla ag gach ráiteas dul chun cinn. Toisc nach dtagraítear go sonrath don Bhéarla féin, tá seans nach bhfuil na ráitis chomh sonrath leis na cinn a thagraíonn dó. Is dócha gur don Bhreatnais i scoileanna a labhraíonn Breatnais na ráitis seo, mar aon le nuatheangacha iasachta eile, ionas go bhféadfaí ráitis dul chun cinn difriúla a bheith ann ag brath ar an teanga a bhfuil tuairisciú á dhéanamh uirthi.

Mar sin féin, táthar ag súil agus go dtógfaidh scoileanna na tuairisceoirí leathana foghlama seo a dearadh le go dtarlóidís tuairim agus gach dhá bhliain agus oibriú amach cén dul chun cinn atá déanta ag an scoláire laistigh den dá bhliain.

Is é an chontúirt a d'fhéadfadh a bheith ann, áfach, go bhféadfadh an líon mór pointí mionsonraithe atá le measúnú leanúint go héasca isteach i gcur chuige scoilte 'ticbhosca', gan teacht le castacht phróisis foghlama éagsúla na ndaltaí agus fíorthuisicint agus úsáid teanga. ' (Camau, 2018. 99)

MEASÚNÚ

Faoi láthair déanann an Bhreatain Bheag dhá cháilíocht sa Bhéarla ag aois 16, ceann sa Teanga agus ceann sa litríocht, de bharr na paindéime táthar ag déanamh athbhreithniú ar an gcáilíocht TGM. Dúradh san fhoilseachán ó Qualification for Wales le déanaí, 'Déanfaimid meas ar an tslí inar féidir leis na hathruithe ar na cáilíochtaí mar fhreagra ar phaindéim Covid-19 cabhrú linn smaoineamh ar shlí dhifriúil agus machnamh a dhéanamh ar fhéidearthachtaí nua' (QW, 2021: 1). É sin ráite, níl siad ag smaoineamh ar imeacht ó cháilíochtaí reatha TGM, a bhfuil ceann don teanga agus ceann don litríocht ann faoi láthair.

Cé nach mbíonn ar na scoláirí an dá cháilíocht a ghlacadh déanann a bhformhór cé go bhfuil líon na scoláirí a thugann faoin litríocht níos lú ná mar a dhéanann an teanga. Sa scrúdú litríochta tá páipéar a iarrann faoi Phrós Cultúir Éagsúla. Tá páipéar amháin eile ina ndéantar scrúdú ar an scoláire maidir le hoidhreacht litríochta, drámaíocht agus próis chomhaimseartha (aonad 2a) nó maidir le drámaíocht chomhaimseartha agus próis oidhreachta litríochta (aonad 2b). Déantar an chomhpháirt dheireanach trí obair chúrsa agus tá dhá chuid inti – staidéar ar dhráma le Shakespeare agus ceann eile ar scríbhneoireacht Bhreatnach i mBéarla.

Tá Qualification Wales ag dul i gcomhairle le múinteoirí faoi láthair i dtaca leis an tslí dul chun cinn le haghaidh 2025. Buairt ar leith ná go,

Tugann an foghlaimeoir i gcomhthéacsanna Breatnaise agus dátheangacha faoi cheithre TGM sa réimse seo de ghnáth: Teanga an Bhéarla, Litríocht an Bhéarla, Teanga na Breatnaise agus Litríocht na Breatnaise. I gcomhthéacsanna Béarla tugann an foghlaimeoir faoi thrí TGM sa réimse seo de ghnáth: Teanga an Bhéarla, Litríocht an Bhéarla agus an Bhreatnais mar Dhara Teanga' (QW, 2021, : 27).

Is é an moladh ná,

1. TGM nua comhcheangailte teanga agus litríochta sa Bhéarla agus TGM nua comhcheangailte teanga agus litríochta sa Bhreatnais a chruthú in áit na gcáilíochtaí TGM ar leith atá ann faoi láthair. Bheadh gach ceann de na TGManna comhcheangailte ar mhéid tuairim agus 1½ TGM. 2. Stop a chur le TGM na Breatnaise mar Dhara Teanga agus cruthaigh TGM nua atá níos mó a dhearf ar leith le haghaidh foghlaimeoirí i gcomhthéacsanna Béarla a fhreagraíonn d'ionchais na Treorach Curaclaim. Bheadh an cáilíocht nua ar mhéid tuairim agus 1½ TGM (ibid.: 29).

Is é an aidhm atá ann ná 'cabhrú cothroime a chinntiú le haghaidh foghlaimeoirí laistigh de scoileanna agus i measc scoileanna' (ibid.: 30). Ciallóidh tabhairt isteach TGM nua sa Bhreatnais 'go mbeidh rochtain ag gach foghlaimeoir sa Bhreatain Bheag, i ngach comhthéacs, ar cháilíochtaí ar cóimhéid agus ar chomhstádas sa Bhreatnais a fhreagraíonn, beag nó mór, don leibhéal inniúlachta atáthar ag súil agus go mbainfidh siad amach' (ibid.: 34).

Faoi láthair [sa bhliain 2021] iarrtar ar mhúinteoirí sa suirbhé faoin méid a aontaíonn nó a easaontaíonn siad leis na moltaí.

ROGHNÚ NA DTÉACSANNA

Faoi láthair, dála Shasana, déantar an rogha téacsanna trí bhoird scrúdaithe, an WJEC sa chás seo. Tá athbhreithniú á dhéanamh air seo áfach, bíodh agus go mbeidh an WJEC fós i gceannas ar an gcóras measúnaithe nua, pé rud a bheidh i gceist leis sin.

An Nua-Shéalainn

Tá an curaclam Béarla sa Nua-Shéalainn éigeantach go dtí aois 16. Ina dhiaidh sin tugann formhór na scoláirí faoin mBéarla i mbliain 12 agus beagán níos lú i mbliain 13. Sainmhíonn siad an Béarla mar,

Staidéar, úsáid agus taitneamh a bhaint as teanga an Bhéarla agus a chuid litríochta, a chuirtear in iúl ó bhéal, go físiúil, agus i scríbhinn, le haghaidh réimse feidhmeanna agus luchtanna féachana/éisteacha agus i réimse foirmeacha téacsúla éagsúla. Cuimsíonn foghlaim an Bhéarla foghlaim na teanga, foghlaim tríd an teanga, agus foghlaim faoin teanga. (Ministry of Education, 2021)

Cuireann siad an scríbhneoireacht ag deireadh an liosta bealaí inar féidir an Béarla a úsáid. Is suimiúil nuair a iarrtar ‘Cén fáth go ndéanfa staidéar ar an mBéarla’, nach luaitear an focal litríocht go dtí leath slí tríd. Seachas sin lonnaíonn sé staidéar an Bhéarla laistigh den litearthacht, ‘Tugann litearthacht sa Bhéarla rochtain don scoláire ar thuiscint, ar eolas agus ar scileanna atá de dhíth air chun páirt iomlán a ghlacadh i saol sóisialta, cultúrtha, polaitiúil, agus eacnamaíoch na Nua-Shéalainne agus an domhain níos leithne’ agus cuirtear leis ag rá, ‘Bíonn léirthuiscint ag an scoláire ar théacsanna agus baineann sé taitneamh astu ina bhfoirmeacha ar fad’. Ní luaitear an litríocht go dtí deireadh an tríú alt: ‘Cuireann staidéar ar litríocht na Nua-Shéalainne agus an domhain le braistint féiniúlachta an scoláire a bhfuil forbairt ag teacht uirthi, lena fheasacht ar oidhreacht dhéchtúlúrtha na Nua-Shéalainne, agus lena thuiscint ar an domhan’ (Ministry of Education). In ainneoin go gcuireann an litríocht ‘le braistint féiniúlachta an scoláire a bhfuil forbairt ag teacht uirthi’ agus ‘lena fheasacht ar oidhreacht dhéchtúlúrtha na Nua-Shéalainne’ (MofE) ní luaitear aon údair a gcaithfidh siad staidéar a dhéanamh orthu.

Chomh maith leis sin is suimiúil an tslí ina bhfoghlaímítear an Béarla. Roinntear é ina dhá shnáithe – ‘brí a dhéanamh agus brí a chruthú’ agus roinneann siad na snáitheanna ina mhodhanna a d’fhéadfadh trasnú ar a chéile. Mar sin,

- brí a dhéanamh as smaointe nó eolas a fhaigheann siad (éisteacht, léitheoireacht, agus breathnú) [sic]
- brí a chruthú dóibh féin nó do dhaoine eile (labhairt, scríbhneoireacht, agus cur i láthair) [sic] (MofE, 2021).

Tá béim an churaclaim bunaithe ar scileanna, áfach. Mar sin is gá don scoláire 'cleachtadh a dhéanamh ar bhrí a dhéanamh agus brí a chruthú [sic] ag gach leibhéal den churaclam'. Tá úsáid an fhocail cleachtadh suntasach toisc go gcuireann sé barr feabhais a chur ar scil in iúl. Tugtar le fios go dtagann dul chun cinn trí úsáid na scileanna céanna seo 'Chun dul i ngleic le tascanna agus téacsanna a éiríonn níos sofaisticiúla agus níos dúshlánaí,' ach go ndéanann siad é seo 'ar leibhéal a éiríonn níos doimhne de réir a chéile' (MofE). Mar sin ní chuireann an t-inneachar ach an deis ar fáil le go ndéanfaí na scileanna 'ar leibhéal a éiríonn níos doimhne de réir a chéile'. Tá an dá shnáithe chéanna seo sna cuspóirí gnóthachtála chomh maith agus foroinntear iad arís ina: próisis agus straitéisí, feidhmeanna agus luchtanna féachana/éisteachta, smaointe, gnéithe agus struchtúr teanga, agus táscairí acu ar fad maidir leis an tslí ina mbainfear iad amach.

Mar sin féin, de réir mar atá i Sasana is é an tslí ina déantar measúnú ar an gcuraclam atá suntasach, seachas an curaclam féin. Déantar é trí Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA). Bíonn ar scoláirí ó bhliain 11 (sé bliana déag d'aois) ar aghaidh tabhairt faoi na cáilíochtaí seo, a fhreagraíonn don churaclam, ach is i dtreo sonraíochtaí scrúduithe a fhéachann na scoileanna seachas ar an méid a éilítear sa churaclam. Luann an cháipéis na cúrsaí éagsúla ar fad ar féidir tabhairt fúthu ag gach leibhéal – ó leibhéal a haon go leibhéal a trí. An t-aon leibhéal a gcaithfidh an scoláire tabhairt faoi sa Bhéarla ná leibhéal a haon ag sé bliana déag d'aois.

Tá réimse fairsing cúrsaí is féidir le scoileanna a roghnú, a ndéanann an múinteoir measúnú ar a bhformhór, agus bíonn líon áirithe creidiúintí ag dul le gach ceann acu. Chun Teastas Náisiúnta Gnóthachtála Oideachais (NCEA) a bhaint amach caithfidh siad ceithre chreidiúint déag a ghnóthachtáil, rud a dhéanann siad timpeall ar ocht mbliana déag d'aois de ghnáth. Is féidir leis an scoláire é seo a ghnóthachtáil le barr feabhais, tuillteanas, gnóthachtáil nó gan

ghnóthachtáil ar mhaithe leis an NCEA a bhaint amach. An rud atá suimiúil ná gur féidir leo NCEA a fháil sa Bhéarla gan staidéar a bheith déanta acu ar litríocht.

Tá sé seo ina ábhar imní do roinnt daoine. Bíodh agus go dtagann sé ó pháipéar atá claonta i dtreo na heite dheise, ceannlíne amháin a bhí ag an New Zealand Herald ná “An bhliain a d’éag an litríocht”: Fuair scoil réidh le Shakespeare agus chuir siad irisleabhair ina áit chun scoláirí a chur tríd an NCEA’ (*The year that literature died: School dropped Shakespeare and replaced him with magazines to get students through NCEA*) (Collins, S., 26.03.2021). Leantar ar aghaidh agus tuairiscítear go,

Creideann taighdeoir de chuid Ollscoil Auckland, a scríobh faoin eachtra ina tráchtas dochtúireachta, an Dr Claudia Rozas Gomes, go raibh sé mar chuid de nós a bhí ag éirí níos coitianta maidir le téacsanna níos simplí a úsáid i ranganna Béarla sinsearach chun na scoláirí a chur tríd an Teastas Náisiúnta Gnóthachtála Oideachais (ibid.).

Ciallaíonn sé seo go mbeidh brí an-difriúil le baint amach NCEA le haghaidh scoláirí difriúla. Braitheann sé go hiomlán ar an méid a chinneann an scoil gur gá duit a dhéanamh. Tá an tábhacht ag baint leis na scileanna a úsáideann tú seachas leis an inneachar a ndéanann tú staidéar air. Tá an NCEA ag déanamh athbhreithniú ar an réimse cúrsaí ar féidir leis an scoláire tabhairt fúthu faoi láthair, rud a d’fhéadfadh an réimse sin a laghdú.

Tá teanga agus cultúr na Maorach le feiceáil go láidir. Mar sin ag tús an churaclaim Bhéarla tá Ko te reo te tuakiri/ Ko te reo tōku ahurei/ Ko te reo te ora. Nuair a aistrítear é ciallaíonn sé: teanga atá i gceist le m’fhéiniúlacht, teanga atá i gceist le m’uathúlacht, teanga atá i gceist le mo bheatha, bíodh agus nach aistrítear é sa cháipéis, rud atá difriúil ón gcuraclam Breatnach ina úsáidtear an Bhreatnais nuair nach ann d’aon fhocal Béarla comhchiallach. Moltar go ndéanfaí staidéar ar scríbhneoirí Maoracha agus ar údair chanónacha. Mar shampla, faoi acmhainní ar shuíomh idirlín NZQA, ofráiltear ‘\$200 de leabhair ardchaighdeán dá leabharlanna’. Diríonn tuairiscí eile ar na Maoraigh, ar nós *HE AWA ARA RAU A JOURNEY OF MANY PATHS The Journey of our Rangatahi Māori Through Our Education System* (The Southern Initiative, 2019). Níl aon cheann de na téacsanna éigeantach, áfach.

MEASÚNÚ

Déantar measúnú éigeantach ar an mBéarla ag aois 16. Déantar formhór an mheasúnaithe trí obair chúrsa a ndéanann an múinteoir measúnú uirthi, agus bíonn rogha ann idir obair scríofa agus obair ó bhéal. Déantar modhnóireacht inmheánach laistigh den scoil – seiceálann múinteoir eile (nó ceann roinne) 10% de gach seit marcála measúnaithe. Bíonn modhnóireacht sheachtrach ann uair sa bhliain chomh maith. Cuireann NZQA an scoil ar an eolas maidir leis na tascanna ar leith ar mhaith leo modhnóireacht a dhéanamh orthu (dhá cheann in aghaidh an ábhair de ghnáth, as cúig nó sé cinn a ofráiltear i ngach ábhar), agus ansin gineann siad liosta randamach de 6-8 n-ainm scoláirí ar mhaith leo a gcuid oibre sa tasc sin a fheiceáil. Caithfidh an scoil dul siar agus an obair a chuir na scoláirí sin i gcrích don tasc sin sa bhliain roimhe sin a aimsiú agus í a sheoladh amach le go ndéanfar modhnóireacht uirthi. Marcálann scrúdaitheoirí lasmuigh den scoil scrúduithe seachtracha. Ní rud neamhghnách é go ndéanfaí marcáil ar scoláire go huile agus go hiomlán trí obair chúrsa.

Stáit Aontaithe Mheiriceá

Tugtar na hEalaíona Teanga ar an mBéarla i SAM, rud atá suimiú ann féin toisc go gceanglaíonn sé é leis an réimse cruthaitheach samhlaíoch níos mó ná an réimse idirbheartaíoch. Níl curaclam náisiúnta ná córas measúnaithe náisiúnta ag SAM. Leagtar an dualgas sin ar na stáit aonair. É sin ráite, baineann 41 stát (as 50 stát) úsáid as na Common Core Standards (Croíchaighdeáin Chomónta) faoi láthair, bíodh agus go mbaineann conspóid leo. 45 stát a bhí ann tráth dá raibh. Tugadh isteach iad den chéad uair faoi rialtas Obama sa bhliain 2009 i ndiaidh ‘No Child Left Behind’ de chuid Bush, ina raibh deireadh cúrsa sroichte ag tástálacha bunaithe ar chaighdeáin a tugadh isteach chun an fhreagracht a leagan ar scoileanna. Ach de bharr gur thionscnamh Feidearálach a bhí i gceist le ‘No Child Left Behind’, a raibh sochar airgid mar spreagadh chuige (d’fhéadfá diúltú tabhairt fúthu ach ansin ní bhfaighfeá maoiniú feidearálach), b’fhusa na Common Core Standards a thabhairt isteach. Thacaigh roinnt daoine leo i dtús:

Creidimid gur féidir le múinteoirí ealaíona teanga an Bhéarla breathnú ar ghlacadh na Common Core State Standards mar dheis chun curaclam nuálach tarraingteach a chruthú, a chuirfidh leis an teagasc inár réimse, [agus] a mhéadóidh uailmhianta intleachtúla le haghaidh gach scoláire (Beach et al., 2016: 5).

Ó shin, agus ag an am sin chomh maith, meastar go bhfuil siad ró-shaintreorach, fíor-réaduchtach, agus údarásach.

D’fhéadfadh cuid den chúis atá leis an naimhdeas a bheith i sraith foilseachán a dearadh chun múinteoirí a threorú trí na croíchaighdeáin agus iad a ailíniú leis na ceachtanna a d’fhéadfaidís a theagasc (féach mar shampla Maniates, 2016; Pearson, 2013). Tá difríocht idir an méid a deirtear sa Common Core i ndáiríre agus sna foilseacháin a tháinig ina dhiaidh. Tá an méid seo fíor go háirithe i gcás an *Revised Publisher’s Criteria*, a scríobh David Coleman agus Susan Pimentel (2012), a bhí mar phríomhúdair agus na Croíchaighdeáin bunaidh á scríobh. Scríobhadh an *Revised Publisher’s Criteria* le haghaidh foilsitheoirí, a bhí ag cuimhneamh ar théacsleabhair a scríobh don chaighdeán, seachas le haghaidh na múinteoirí féin. Tá neart

scríofa faoi thráchtálachas na Common Core Standards, tráchtálachas nach mbaineann le haon rud oideachasúil (mar shampla, féach Zancanella agus Moore, 2014). De réir mar a dúirt Lechtenberg et al, 'Laghdaíonn sé scóip na gcaighdeán, agus léargas cúngaithe den mhéid ar cheart d'fhoilsitheoirí béim a leagan air i dteagasc na léitheoireachta' (2020: 267).

Anuas air sin, chuir Coleman (2011) athrú sa mhéid a cheap sé siúd a bhí oiriúnach staidéar le a dhéanamh air i láthair agus bhog sé curaclam na n-ealaíon teanga ó théacsanna litríochta nó insinte go dtí téacsanna faisnéiseacha freisin agus i dtreo ghrinnléitheoireacht na dtéacsanna sin (ibid). Mhol sé téacsanna níos dúshlánaí de réir mar a dhéanann an scoláire dul chun cinn chomh maith. Is suimiúil é gur chreid sé gur cheart go dtiocfadh aon fhreagraí a tugtar in aon ghrinnléitheoireacht ón téacs féin, ní ó fhoinsí seachtracha. Mhaolaigh sé seo teagasc de chineál fhreagairt an léitheora ina bhféadfadh an scoláire tarraingt ar a chuid taithí féin agus téacs á léamh. Seachas sin, dhírigh sé ar an téacs féin amhail is go raibh an freagra ceart ann. Feictear an claonadh seo i scríbhneoireacht Pimentel chomh maith ina labhraíonn sí faoi staidéar a dhéanamh ar aitheasc Gettysburg agus ar fhógairt Lincoln gur saolaítear gach duine ar comhchéim lena chéile. Meastar gur ceist lag é 'Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach luach an chomhionannais a chur chun cinn?' toisc nach bhfuil an téacs de dhíth ort chun an cheist a fhreagairt. Ní bhraitheann an anailís ar an téacs. Tá tréithe de chuid curaclam eolas-bhunaithe Hirsch, inar féidir le freagraí sa Bhéarla a bheith ceart nó mícheart, le brath i gcur chuige dá leithéid.

Téann Lechtenberg et al (2020) trí na croíchaighdeáin in aiste chritice shonrach agus ansin breathnaíonn siad ar an méid a mholann an *Revised Publishers Criteria* (RPC). Is é a aimsíonn siad ná an tslí ina dtugann an Common Core spreagadh ina 'réamhráitis',

Leagtar síos atmaisféar agus cuirtear forléargas ar nádúr na gcaighdeán ar fáil sa tslí agus gur cosúil agus go ndiúltaítear cur chuige teicnealathach i leith fhoghlaim na litearthachta, agus leagtar béim ar fhéinriail an mhúinteora agus ar mheonta criticiúla an scoláire seachas ar chur chuige bunaithe ar chomhlíontacht i dtaca le scileanna agus eolas ar leith (Lechtenberg et al 2020: 262).

Ach cuireann siad in iúl go,

Cúngaíonn an *RCP* an próiseas léitheoireachta chuig léitheoireacht, is é sin le rá, léitheoireacht a dhíríonn ar an méid atá sa téacs féin amháin gan mórán airde ar eolas agus eispéiris shoch-chultúrtha nó mhothúchána a thugann an léitheoir chuig an téacs. Sa ghrinnléitheoireacht, tugann an scoláire aird ar phríomhshonraí an téacs ar mhaithe le héilimh agus tátail liteartha a dhéanamh bunaithe ar fhianaise théacsúil. (ibid.: 267).

Chomh maith leis seo, luann siad go bhfuil ‘blas údarásach ar theanga Coleman agus Pimentel (2012) sa *RPC*, go háirithe baintear úsáid as an mbriathar módúil “*should*” 124 uair sa cháipéis.’ (Lechtenberg et al 2020: 267) agus tá raidhse cáinte ann ó fhoinsí eile:

Caoineann Pearson (2013) ról an *RCP* maidir le “gealltanús CCSS i dtaca le saorchead an mhúinteora a chur i mbaol” (p. 254) agus deir sé gurb ionann an cháipéis agus “tréigean” an chur chuige níos caolchúisí i dtaca le léamhthuiscint atá sna caighdeáin féin. Déanann Newkirk (2013) gearán faoin “dearcadh lom maidir leis an léitheoireacht” (lch. 2) a bhfuil na caighdeáin mar ionadaí orthu anois, agus leagann sé an milleán ar an *RCP* níos mó ná mar a leagann sé ar na caighdeáin. Cuireann roinnt daoine léinn in iúl ról an *RCP* i gcúngú fairsinge na n-oideolaíochtaí, na dtéacsanna agus roghanna an mhúinteora a bhí ar fáil sna caighdeáin iad féin, is cosúil (Allington, Billen, & McCuiston, 2015; Beach et al., 2016; Bridges-Rhoads & Van Cleave, 2016; Eppley, 2015) (ibid.: 264).

Bhí tionchar ag an tslí inar tugadh an creat Common Core isteach i scoileanna ar fhéinriail an mhúinteora laistigh de na healaíona teanga chomh maith. Ní raibh ach oiliúnóir múinteoirí amháin ar an gcoiste a dhear an Common Core, ní raibh aon mhúinteoir ná ionadaí ceardchumainn, ní raibh aon duine ó Chomhairle Náisiúnta na Múinteoirí Béarla nó ón gCumann Léitheoireachta Idirnáisiúnta. Mar sin is rud éigin seachas oideolaíocht ar an mbonnleibhéal sa Bhéarla a spreag an glacadh leis an Common Core i measc na Stát. ‘An rud is iontaí faoi ná cé chomh mear agus a d’aistrigh siad ón bhféidearthacht chuig gné d’oideachas Mheiriceá a nglactar léi’ (Zancella agus Moore, 2014: 207). Arís, d’fhéadfadh go

raibh baint éigin ag cúrsaí airgid leis agus thacaigh Fondúireacht Bill agus Melinda Gates leis agus bronnadh deontais iomaíocha air faoi 'Race to the Top' sa chás gur ghlac siad leis na caighdeáin.

Mar sin féin, tá éileamh fós ann ar roghanna eile i dtaca le teagasc litríochta sna Stáit, tuillteanas i dtaobh tionscnaimh ar nós Black Lives Matter. Bhí comhdháil Chomhairle Náisiúnta na Múinteoirí Béarla 2021 (NCTE) i mí na Samhna bunaithe ar *Theagasc Cothromais, Ceartais agus Frithchiníochais*, cuir i gcás, agus i mblag 'Bhraith comhaltaí Buanchoiste an NCTE in aghaidh Ciníochais agus Claonta práinn chun seasamh in aghaidh ciníochais agus claonta ó chuamar ar an gcoiste,' agus an méid seo á chur leis, 'Níl a leithéid is seomra ranga neamhpholaitiúil ann'. Mhol siad líon ard acmhainní le haghaidh múinteoirí lena n-áirítear leabhair, blaganna agus físeáin a thugann aghaidh ar an tsaincheist ar amhail blag eile *Dismantling Racism in Education*.

Ina caibidil 'The politics of the canon: Reading for the rest of us' breathnaíonn Thomas ar dhá théacs a mhúintear go minic sna Stáit Aontaithe, ceann amháin a bhí ar bharr pobalbhreithe sa bhliain 2018 maidir leis na leabhair is mó a múineadh, *To Kill a Mockingbird* (PBS, 2018) agus *Huckleberry Finn*. Maíonn sí go bhfuil an dá leabhar conspóideach ó dhearcadh an scoláire ghoirm, bíodh is gur cosúil go bhfuil an dá cheann frithchiníoch. Is amhlaidh an cás don chéad cheann toisc go bhfuil 'slánaitheoir geal' ann agus gur scríobhadh é ó léargas páiste soineanta, agus is amhlaidh an cás sa cheann eile toisc go n-úsáidtear 'an focal n' ann go minic. Dar léi is é seo an baol a bhaineann le scéal amháin:

Más é Huck Finn ceann de na húrscéalta inár gcuraclam, atá faoi bhrú cheana féin, a bhfuil an dualgas air léiriú a thabhairt do dhaoine óga ar an stair mhíshocair a bhaineann le cine sna Stáit Aontaithe, tá baol ann nach mbeimis ach ag insint leagan amháin den scéal. Nuair a dhírítear ar sclábhaíocht airnéise trí pheirspictíocht Huck seachas Jim, bíonn an baol ann go ligfimis le leagan amháin den scéal ár seomraí ranga a mhúnlú (Thomas, 2020: 254).

Mar sin, tacaíonn sí le scéalta a scríobh ó dhearcadh éagsúil. Bíodh agus go ndéanann sí argóint go mbeidh 'áit ag an dá úrscéal inár scéal náisiúnta go fóill', cuireann sí leis ag rá,

Ba mhaith an rud é dá ndéanfaimis machnamh ar an raidhse slite ina ndírítear scéalta faoi Mheiriceánaigh Ghorma – bídís fíor nó samhla – trí lionsaí údair gheala (beag beann ar cé chomh hiontach a bhíonn siad agus ar an ndea-rún a bhíonn acu) i neart seomraí ranga ar fud na Stát Aontaithe. In ainneoin na tábhachta liteartha, más iad íomhánna dídhaonnaithe agus fulaingthe amháin de dhaoine gorma atá sna húrscéalta a mhúinimid, ní bheidh i gceist le hagóidí ár gcuid scoláirí maidir le maslaí ciníocha ach an ceann caol den deacracht (ibid.: 255).

Mar sin féin tá greim ag curaclam Core Knowledge E.D. Hirsch ar neart scoileanna. Maíonn siad go 'gcuireann [scolaíocht bunaithe ar eolas](#) deiseanna ar fáil eolas a chumasú, rud a chuireann deiseanna i dtreo saoránacht bhisiúil agus fhreagrach.' Cuid den aidhm a luaitear ann ná,

Laghdú a dhéanamh ar an mbearna feabhais idir gnóthachtáil acadúil scoláirí Meiriceánacha agus gnóthachtáil a gcomhscoláirí idirnáisiúnta ó thíortha a chruthaíonn go maith

an bhearna cothroime idir ghnóthachtáil acadúil scoláirí Meiriceánacha atá beo bocht agus a gcomhscoláirí a bhfuil buntáistí eacnamaíocha acu a laghdú (Core knowledge, 2021)

Agus fós féin, bíodh agus go molann an Core Knowledge céanna *The Narrative Life of Frederick Douglass* anois is le daoine geala atá marbh na téacsanna eile ar fad, fir gheala den chuid is mó gan aon spás athscríobh a dhéanamh orthu ó dhearcadh éagsúil.

MEASÚNÚ

Toisc nach bhfuil aon churaclam náisiúnta ann, níl aon chóras náisiúnta measúnaithe ann seachas go múintear na healaíona teanga go dtí go bhfágann scoláirí an scoil ag 18 mbliana d'aois. É sin ráite, is córas bunaithe ar chaighdeán atá sna Stáit Aontaithe, córas ina bhfuil ceannas ag an tástáil.

Tá córas tástála náisiúnta ann a eagraíonn an tlonad Náisiúnta um Staitisticí Oideachais ach a scríobhann an tSeirbhís Tástála Oideachais. Tugann sampla scoláirí randamacha ar fud na tíre fúthu seo ag grád a ceathair, a hocht agus a dó dhéag i scoileanna san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon. Bhíodh na tástálacha seo, a dtugtar an Measúnú Náisiúnta um Dul chun Cinn Oideachais (*National Assessment of Educational Progress*) (NAEP), á ndéanamh ag tréimhsí ceithre bliana ach le reachtaíocht 'No Child Left Behind' athraíodh é chuig gach dhá bhliain.

Éilíonn formhór na n-ollscoileanna *Scholastic Aptitude Test* (SAT), a fhoilsíonn agus a riarann an College Board, nó scór de chuid *American College Testing* (ACT). Déantar an dá cheann acu seo le ceisteanna ilrogha toisc go bhfuil iontaofacht na trialach ríthábhachtach. Is féidir tabhairt faoi scrúduithe *Advanced Placement* (AP) chomh maith, a riarann an College Board, sna blianta deireanacha san ardscoil agus meastar go dtabharfaidís creidiúint duit le haghaidh cúrsaí coláiste ina dhiaidh sin. Tá dhá AP sna healaíona teanga, ceann bunaithe ar theanga agus ceann bunaithe ar an litríocht. I gcás na litríochta tá páipéar a haon ilroghnach agus sa cheann eile bíonn aistí ina gcaithfidh an scoláire an méid a bhfuil staidéar déanta acu air sa chúrsa a chur i bhfeidhm ar cheisteanna cineálacha.

Is pointe suimiúil é, agus pointe suntasach b'fhéidir, go raibh ceathrar fostaithe de chuid ACT agus triúr ón College Board ar an gcoiste de chuid Common Core Standards a bhí ag scríobh na gcaighdeán, coiste a raibh ceathrar déag air go hiomlán. Is é sin le rá gurb ionann iad agus leath de bhallraíocht an choiste. Anuas air sin, 'Níos tábhachtaí fós b'fhéidir.. ná an obair chun

measúnuithe atá ailínithe leis na caighdeáin a chruthú' (Zancanella agus Moore, 2014,; 204). Chruinnigh dhá ghrúpa, ceann le cúig stát is fiche, ceann eile le naoi stát is fiche, chun dhá thástáil shuimitheacha a ofráil faoi dhó in aghaidh na bliana agus chun scrúduithe tagarmharcála roghnacha a ofráil. Is iad McGraw Hill and Pearson na foilsitheoirí, rud a thugann smacht, nach raibh a leithéid ann cheana dóibh ar an bpróiseas tástála. Déanta na fírinne, beidh smacht ag an dá chomhlacht foilseacháin seo, go háirithe Pearson, ar gach ábhar teagaisc a d'fheadfadh scoil a bheith ag iarraidh a ordú, mar aon leis na tástálacha féin.

Iad siúd a chreideann gur cheart curaclaim scoile a bheith mar thoradh ar phlé leathan trédhearcach agus gur chóir go mbeadh curaclaim scoile nasctha go tuisceanach le scoileanna agus le pobail, d'fhéadfadh go mbeadh eagla orthu faoin smaoineamh gur cheart go mbeadh an oiread sin tionchair ag comhlacht nó eagraíocht amháin, agus ag duine aonair fiú'. (ibid.: 204)

Conclúid

Bíonn neart clónna agus ainmneacha difriúla ar churaclam an Bhéarla bíodh agus go bhfuil Béarla i dteideal gach curaclaim, seachas sna Stáit Aontaithe agus go n-áiríonn roinnt díobh litearthacht, lena n-áirítear Albain agus Victoria, an Astráil. Ar bhonn ginearálta titeann siad isteach i dtrí phríomhchatagóir: scileanna (An Nua-Shéalainn, na Stáit Aontaithe má leanann siad an stíl siollabais croí-inneachair), fás pearsanta (Ontario, an Bhreatain Bheag, Albain) agus oidhreacht chultúrtha (Sasana, na Stáit Aontaithe má leanann siad curaclam eolas-bhunaithe Hirsch). Tá gnéithe díobh seo ar fad ag curaclam na hAstráile.

Bíonn difríochtaí idir a gcuid córais mheasúnaithe chomh maith. Cumasaíonn formhór na gcóras obair chúrsa, tá roinnt córais mheasúnaithe bunaithe go huile agus go hiomlán ar obair chúrsa, agus tá an measúnú deighilte 50/50 idir obair chúrsa agus measúnú deiridh ag roinnt eile. Is i Sasana agus sna Stáit Aontaithe amháin a dhéantar measúnú le scrúduithe go hiomlán, agus ní dhéanann na Stáit Aontaithe ach an CCS agus na APanna trí scrúduithe seachas cáilíocht náisiúnta. Bíonn difríochtaí idir an méid a n-éilítear ar an scoláire staidéar a dhéanamh air, ag brath ar an tír; iarrtar ar an scoláire staidéar a dhéanamh ar théacs digiteach nó meáin de shaghas éigin i ngach tír seachas i Sasana. Nuair a shonraíonn siad na húdair ar cheart don scoláire staidéar a dhéanamh orthu deir gach tír gur cheart duit staidéar a dhéanamh ar litríocht do thíre féin agus iarrann New South Wales agus Sasana go ndéanfá staidéar ar Shakespeare, agus is amhlaidh an cás leis na Breatnaigh i gcás an TGM. Moltar údair eile i gcás scrúduithe i Sasana, in New South Wales, in Victoria agus sa Bhreatain Bheag ach déanann na coistí a roghnaíonn na téacsanna amhlaidh gan próiseas trédhearcach ná gnásanna foilsithe.

Bíodh agus go bhfuil fonn ann i measc roinnt de na húdaráis téacsanna ó scríbhneoirí bundúchasacha agus scríbhneoirí de chuid an chéad náisiúin a chur san áireamh, ní minic a dhéantar é, seachas i gCeanada. Tá fonn ann mar sin féin, ó ghrúpaí amhail an Cumann Náisiúnta um Theagasc an Bhéarla agus Comhairle Náisiúnta na Múinteoirí Béarla, éagsúlacht a chuimsiú laistigh dá gcuir chuige agus dá roghnú téacsanna dá gcuid scoláirí.

Tagairtí

Alcorn, G. 2016. "Melbourne Writers Festival: Maxine Beneba Clarke Says Non-White Children Rendered 'invisible'." The Guardian.

<https://www.theguardian.com/books/2016/aug/27/melbourne-writers-festival-maxine-beneba-clarke-says-non-white-children-rendered-invisible>.

Allington, R. L., Billen, M. T. & McCuiston, K. (2015). The potential impact of the Common Core State Standards on reading volume. In P. D. Pearson & E. H. Hiebert (Eds.), *Research-based Practices for Teaching Common Core Literacy* (lgh. 161–77). Cathair Nua-Eabhrac: Teachers College.

Austen, J. (1815/2000) *Emma*. Ware. Wordsworth

Australian Curriculum Assessment and Reporting Authority (ACARA): English (2021)

<https://www.australiancurriculum.edu.au/f-10-curriculum/english/pdf-documents> Consulted on 16.06.2021

Beach, R., Thein, A. H., & Webb, A. (2016). *Teaching to exceed the English language arts Common Core State Standards A literacy practices approach for 6-12 classrooms*. Nua-Eabhrac: Routledge.

Black, P., & and Wiliam, D. (1998a). *Inside the Black Box: Raising Standards through Classroom Assessment*. Londain: King's College, Londain.

Black, P. J. agus Wiliam, D. (1998a) Assessment and Classroom Learning. *Assessment in Education: Principles Policy and Practice*, 5 (1), lgh. 7–73.

Black, P. J., Harrison, C., Lee, C., Marshall, B. agus Wiliam, D. (2003) *Assessment for Learning: Putting It into Practice*. Buckingham: Open University Press

Bliss, L., & Bacalja, A. (2020). What counts? Inclusion and diversity in the senior English curriculum. *The Australian Educational Researcher* 48(1) 165-182

Bridges-Rhoads, S. & Van Cleave, J. (2016). #theStandards: Knowledge, freedom, and the common core. *Language Arts*, 93(4), 260-72.

Camau (2018) *Learning About Progression: Camau research project*. Caerdydd. Rialtas na Breataine Bige

Carter, D.; Manuel, J. & Dutton, J. (2018) How do Secondary School Teachers Score NAPLAN?: A snapshot of English teachers' views. *Australian Journal of Language and Literacy*. 41(3)

Coleman, D. & Pimentel, S. (2011) Publishers' Criteria for the Common Core State Standards in English Language Arts and Literacy Grades 3-12,

http://www.corestandards.org/assets/publishers_criteria_for_3-12.pdf, 25 Lúnasa

Coleman, D. & Pimentel, S. (2012). Revised Publishers' Criteria for the Common Core State Standards in English Language Arts and Literacy, Grades 3-12. Faighte ó

[http://www.corestandards.org/wp-](http://www.corestandards.org/wp-content/uploads/Publishers_Criteria_for_Literacy_for_Grades_3-12.pdf)

[content/uploads/Publishers_Criteria_for_Literacy_for_Grades_3-12.pdf](http://www.corestandards.org/wp-content/uploads/Publishers_Criteria_for_Literacy_for_Grades_3-12.pdf)

Collins, S. (26.03.2021) The year that literature died. *New Zealand Herald*.

[https://www.nzherald.co.nz/nz/the-year-that-literature-died-school-dropped-shakespeare-replaced-him-with-magazines-to-get-students-through-](https://www.nzherald.co.nz/nz/the-year-that-literature-died-school-dropped-shakespeare-replaced-him-with-magazines-to-get-students-through-ncea/O7K3KGHS4J63FH3Q7JDZAAZPLM/?utm_medium=Social&utm_campaign=nzh_fb&utm_source=Facebook&fbclid=IwAR0Ydkpw2otFp3tYtfz-Qf5dzLXgnXqww_bJBhDfvUuMQhcPmZm_EnrS9k#Echobox=1616782800)

[ncea/O7K3KGHS4J63FH3Q7JDZAAZPLM/?utm_medium=Social&utm_campaign=nzh_fb&utm_source=Facebook&fbclid=IwAR0Ydkpw2otFp3tYtfz-](https://www.nzherald.co.nz/nz/the-year-that-literature-died-school-dropped-shakespeare-replaced-him-with-magazines-to-get-students-through-ncea/O7K3KGHS4J63FH3Q7JDZAAZPLM/?utm_medium=Social&utm_campaign=nzh_fb&utm_source=Facebook&fbclid=IwAR0Ydkpw2otFp3tYtfz-Qf5dzLXgnXqww_bJBhDfvUuMQhcPmZm_EnrS9k#Echobox=1616782800)

[Qf5dzLXgnXqww_bJBhDfvUuMQhcPmZm_EnrS9k#Echobox=1616782800](https://www.nzherald.co.nz/nz/the-year-that-literature-died-school-dropped-shakespeare-replaced-him-with-magazines-to-get-students-through-ncea/O7K3KGHS4J63FH3Q7JDZAAZPLM/?utm_medium=Social&utm_campaign=nzh_fb&utm_source=Facebook&fbclid=IwAR0Ydkpw2otFp3tYtfz-Qf5dzLXgnXqww_bJBhDfvUuMQhcPmZm_EnrS9k#Echobox=1616782800) breathnaithe ar an 19.06.2021

Core Knowledge Org (2021) <https://www.coreknowledge.org/about-us/our-mission/>

Daugherty, R. agus Ecclestone, K. (2006) Constructing assessment for learning in the UK policy environment. In J.Gardner (Eag) *Assessment and Learning*. Londain: Sage.

Davies, L. M. (2012). Auditing subject English: A review of text selection practices inspired by the National Year of Reading. *English in Australia*, 47(2), 11–17

Davies, LM., Martin, S. K., & Buzacott, L. (2017). Worldly reading: Teaching Australian literature in the twenty-first century. *English in Australia*, 52(3), 21–30.

Davies, R. (2015) *Fifth Business*. Londain: Penguin.

Department for Education (DfE) (2014) *National Curriculum: English*. Londain:

Dewey, J. (1916/2004) *Democracy in Education*. Mineola, Dover Publications

Dickens, C. (1861/1992) *Great Expectations*. Ware Wordsworth Classics

Dixon, J. (1967) *Growth through English*. Londain: Penguin.

Doecke, B. Maclean-Davies, L. agus Meade, B. (2011) National imaginings and classroom conversations: Past and present debates about teaching Australian literature.

In B. Doecke, L. McLean Davies, P. Mead (Eds.), *Teaching Australian literature: from classroom conversations to national imaginings*. AATE, Wakefield Press, Kent Town

Doerr, A. (2015) *All the Light We Cannot See*, London. Fourth Estate/HarperCollins,

Douglass, F. (2020) *Narrative of the Life of Frederick Douglass: An American Slave East India*. Ottawa: Publishing Company.

Education Wales (2021) <https://hwb.gov.wales/curriculum-for-wales/designing-your-curriculum/developing-a-vision-for-curriculum-design/#curriculum-design-and-the-four-purposes> breathnaithe ar an 18.06.2021

Education Wales (2021) *Language, Literacy and Communication*.

<https://hwb.gov.wales/curriculum-for-wales/languages-literacy-and-communication/principles-of-progression/> consulted on 19.06.2021

Elliott, V.; Nelson-Addy, L.; Chantiluke, R. agus Courtney, M. (2021) *Lit in Colour: Diversity in Literature in English Schools*. Londain: Penguin and Runnymede Trust.

Eppley, K. (2015). Seven traps of the Common Core State Standards. *Journal of Adolescent & Adult Literacy: A Journal from the International Reading Association*, 59(2), 207–16.

Fitzgerald, S. (2015) Perceptions of the International Baccalaureate (IB). in *Ontario Universities Canadian Journal of Education*, 38(3), lgh. 1–34.

Gelder, K. (2013) Recovering Australian Popular Fiction: Towards the end of Australian Literature *Journal for the Study of Australian Literature*, 112-120

Gibbon, L.G. (2006) *Sunset Song*. Londain: Cannongate Classics

Gibbons, S. (2017) *English and Its Teachers: A history of policy, pedagogy and practice*. Oxford: Routledge.

Golding, W. (1997) *The Lord of the Flies*. Londain: Faber and Faber.

Gove, M. (2010) Speech to Conservative Party Conference. Ar fáil ag <http://conservative-speeches.sayit.mysociety.org/speech/601441> (breathnaithe ar an 16.06.2016).

Haddon, M. (2014) *The Curious Incident of the Dog in the Night-time*. Londain: Vintage.

Hayward, L. (2007) Curriculum, pedagogies and assessment in Scotland: the quest for social justice. 'Ah kent yir faither', *Assessment in Education: Principles, Policy & Practice*, 14: 2, 251-268,

Heiss, A. (Eag) (2019) *Growing up Aboriginal in Australia*. Carlton: Black Inc.

Hutchinson, C. & Hayward, L. (2005) The journey so far: assessment for learning in Scotland, *The Curriculum Journal*, 16:2, 225-248

Klenowski, V. & Wyatt-Smith, C. (2012) The Impact of High Stakes Testing: The Australian story, *Assessment in Education and Practice* 19(1) 65-79

Leane, J. (2016). *Other peoples' stories*. Overland, 225, 41–45.

Lechtenberg,, K.; Thein, A. H. & Rushek, K. (2020) Challenging hierarchies of reading and text selection in the Revised Publishers' Criteria for the Common Core State Standards. In B.Marshall, J.Manuel, D.Pasternak & J.Rowsell *The Bloomsbury Handbook of Reading: Perspectives and Practices*. Londain: Bloomsbury.

Lohrey, A. (2009) *Black Inc*. Vertigo,

Marshall, B Gibbons, S., Hayward, L. agus Spencer, E. (2018) *Policy, Belief and Practice in the Secondary English Classroom: A Case-Study Approach from Canada, England and Scotland*. Londain: Bloomsbury.

Maniates, H. (2016). CCSS-aligned materials: Teachers as consumers or curriculum designers? *Language Arts*, 93(4), 302–303.

Marshall, B. agus Gibbons, S. (2018) *Assessing English: A comparison between Canada and England's assessment procedures*. Educational Sciences

McLean Davies, L.; Truman S.E. & Buzacott, L. (2020) Teacher-researchers: a pilot project for unsettling the secondary Australian literary canon. *Gender in Education* 1-17

Millwood Hargreaves, K. (2020) *The Girl of Ink and Stars*. Chicken House Ltd

Ministry of Education (2021) English: <https://nzcurriculum.tki.org.nz/The-New-Zealand-Curriculum/English/Why-study-English-breathnaithe-ar-an-19.06.2021>

Ministry of Education (2007) *The Ontario Curriculum Grades 9 and 10: English*: Toronto. Queen's Printer for Ontario

Moreton-Robinson, A. (2004). Whiteness, epistemology and Indigenous representation. *Whitening race: Essays in social and cultural criticism*, 1, 75-88.

Morrison, T. (1992) *Playing in the Dark*, Bostún: Harvard University Press

Nakata, M. (1995). Culture in education: A political strategy for us or for them? *Ngoonjook*, 11, 40–61.

NAPLAN (2021) *Leathanach Baile NAPLAN* <https://www.nap.edu.au/naplan-breathnaithe-ar-an-16.06.2021>

NCTE (2021) <https://ncte.org/blog/2017/08/there-is-no-apolitical-classroom-resources-for-teaching-in-these-times/>

Newkirk, T. (Ed.) (2013). *Iarscríbhinn: Speaking back to the Common Core*. In *Holding on to Good Ideas in a Time of Bad Ones: Six Literacy Principles Worth Fighting For* (lgh. 1–7). Portsmouth, NH: Heinemann.

New South Wales Education Authority (NESA) *English in Kindergarten to year 10 curriculum* <https://educationstandards.nsw.edu.au/wps/portal/nesa/k-10/learning-areas/english-year-10>

NZQA (2021) *Aotearoa New Zealand's histories books for school* <https://nzcurriculum.tki.org.nz/News/Aotearoa-New-Zealand-s-histories-books-for-schools-breathnaithe-ar-an-12.07.2021>

Orwell, G. (2004) *Nineteen Eighty-Four*, Penguin Classics,

Parrett, F. (2013) *Past the Shallows*, Hachette Australia,

Pearson, P. D. (2013). Research foundations of the Common Core State Standards in English language arts. In L. Gambrell & S. Neuman (Eag.), *Quality reading instruction in the age of Common Core Standards* (lgh. 237–262). International Reading Association.

PBS (2018). Americans Select to Kill a Mockingbird as America's best-loved novel, revealed in the grand finale of THE GREAT AMERICAN READ on PBS. Preaseisiúint.
<https://www.pbs.org/about/blogs/news/americans-select-to-kill-a-mockingbird-as-americas-best-loved-novel-revealed-in-the-grand-finale-of/>

Polesel, J.; Rice, S & Dulfer, N. (2014) The Impact of High-stakes Testing on Curriculum and Pedagogy: A teacher perspective from Australia. *Journal of Education Policy* 29(5) 640-657
breathnaithe ar an 16.06.2021

Priestley, J.P. (1993) *An Inspector Calls*. Londain: Heinemann.

Pung, A (Eag) (2015) *Growing Up Asian in Australia*. Carlton: Black Inc. An Astráil

Qualification for Wales (2021) *Qualified for the Future: The right choice for Wales*.
<https://www.qualificationswales.org/media/6997/qualified-for-the-future-the-right-choice-for-wales-consultation.pdf> breathnaithe ar an 19.06.2021

Rice, S.; Dulfer, N.; Polesel, J. & O'Hanlon (2016) NAPLAN and Student Wellbeing: Teacher perceptions of the impact of NAPLAN on students. In B. Lingard,; G. Thompson & S. Miller (Eds) *National Testing in Schools: An Australian assessment*. Londain: Routledge.

Rogers, S.L.; Barblett, L. & Investigating the impact of NAPLAN on student, parent and teacher emotional distress in independent schools. *Australian Educational Researcher* 43, 327-343

Scottish Qualifications Authority (gan dáta) *Curriculum for Excellence*. Dún Éideann: Feidhmeannas na hAlban.

Scottish Qualifications Authority (2018) National 5 English

https://www.sqa.org.uk/files_ccc/EnglishCourseSpecN5.pdf. Breathnaithe ar an 18.06.2021

Smith, L. (2020) Top Ten Texts. *Teaching English* 23 30-33

Southern Initiative (2019) *He Aaw Ara Rali A Journey Of Many Paths: The Journey of our Rangatahi Māori Through Our Education System*. <http://www.maorifutures.co.nz/wp-content/uploads/2020/08/He-Awa-Ara-Rau-A-Journey-of-Many-Paths-Nov-2019.pdf>

breathnaithe ar an 19.06.2021

Stobart, G. (2008) *Testing Times: The Uses and Abuses of Assessment*. Londain: Routledge.

Syal, A. (1997) *Anita and Me*. Harper Collins Publisher.

Thomas, A. (2017) *The Hate U Give*. Walker Books

Thomas, D. (2014) *Under Milk Wood*. Londain: Orion.

Thomas, E.E. (2020) The politics of the canon: Reading for the rest of us. In B. Marshall, J. Manuel, D. Pasternak & J. Rowsell *The Bloomsbury Handbook of Reading: Perspectives and Practices*. Londain: Bloomsbury.

Thompson, G (2013) NAPLAN, My School and Accountability: Teacher Perceptions of the Effects of Testing. *International Education Journal: Comparative Perspectives*, 12 (2) 62-84

Thompson, G.& Harbaugh, A.G. (2013) A preliminary analysis of teacher perceptions of the effects of NAPLAN on Pedagogy and Curriculum. *The Australian Educational Researcher* 40(3) 299-314

Thompson, G. Cook, I. (2014) Manipulating the Data: Teaching and NAPLAN in control in the society *Discourse: Studies in the cultural politics of education* 35(1) 129-142

EOECNA. (2003) Statement for the United Nations Literacy Decade, 2003–2012.

Victorian Curriculum and Assessment Authority, VCAA (2021)

https://victoriancurriculum.vcaa.vic.edu.au/english/english/introduction/structure_consulted

Breathnaithe ar an 17.06.2021

Wagamese, R (2012) *Indian Horse*. Vancouver: Douglas McIntyre.

Wyatt-Smith, C., & Jackson, C. (2016). NAPLAN data on writing: A picture of accelerating negative change. *The Australian Journal of Language and Literacy*, 39(3), 233–244.

Yates, L.; McLean Davies, L.; Buzacott, L.; Doecke, B. Mead, P. & Sawyer, W. (2019) School English, literature and the knowledge-based question, *The Curriculum Journal*, 30:1, 51-68

Young, M. (2013) Overcoming the crisis in curriculum theory: a knowledge-based approach, *Journal of Curriculum Studies*. 45(2) 101-18

Zancanella, D. & Moore, M The Origins and Ominous Future of the US Common Core Standards in English Language Arts In A. Goodwyn, L. Reid & C. Durrant (Eag) *International Perspectives on Teaching English in a Globalised World*. Londain: Routledge.

Zephania, B. (1999) *Face*. Londain: Bloomsbury.

Staidéar comparáideach ar churaclaim Bhéarla i ndlínsí éagsúla.

